CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Tuarascáil bhliantúil **2023**

Athbhreithniú ar an mbliain

curia.europa.eu

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cosaint dhlí an Aontais a chinntiú

Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar cheann de na seacht n-institiúid Eorpacha.

Mar institiúid bhreithiúnach de chuid an Aontais, is é an cúram atá uirthi a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais trí léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gConarthaí a áirithiú agus trí athbhreithniú ar dhlíthiúlacht gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú.

Rannchuidíonn an Institiúid le luachanna an Aontais a chaomhnú agus, trína cásdlí, leis an Eoraip a thógáil.

Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh comhdhéanta de dhá chúirt: 'an Chúirt Bhreithiúnais' agus 'an Chúirt Ghinearálta'.

Tuarascáil bhliantúil 2023

Athbhreithniú ar an mbliain

Clár

Réamhrá an Uachtaráin **4**

1. Sracfhéachaint ar 2023 ..... **7**

A An bhliain in íomhánna **8**

B An bhliain i bhfigiúirí **16**

An Institiúid in 2023 16

An bhliain bhreithiúnach (an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta) 17

Na seirbhísí teanga 18

2. Gníomhaíocht bhreithiúnach **21**

A An Chúirt Bhreithiúnais in 2023 ..... **22**

Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Breithiúnais 22

Comhaltaí na Cúirte Breithiúnais 28

B An Chúirt Ghinearálta in 2023 ..... **32**

Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Ginearálta 32

Nuálaíochtaí sa chásdlí 34

Comhaltaí na Cúirte Ginearálta 38

C Cásdlí in 2023 ..... **42**

Fócas Nasc idir cosaint sonraí pearsanta agus dlí na hiomaíochta 42

Fócas Cumhachtaí rialála FIFA agus UEFA agus dlí an Aontais Eorpaigh. 44

Fócas Cosaint sonraí pearsanta agus sáruithe a bhaineann le hiomaíocht idir gnóthais a chomhrac 46

Fócas Cuideachtaí Eorpacha a chosaint ar smachtbhannaí seach-chríochacha na Stát Aontaithe 50

Súil siar ar na breithiúnais is tábhachtaí i rith na bliana 53

3. Eagraíocht riaracháin don cheartas **75**

A Réamhrá an Chláraitheora **76**

B Príomhimeachtaí na bliana **78**

An tIlteangachas á cheiliúradh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh 78

Inrochtaineacht agus cuimsiú: ábhar do chách 80

An Intleacht Shaorga: an straitéis a glacadh lena húsáid sa Chúirt 82

An comhar breithiúnach Eorpach a neartú: an chomhpháirtíocht leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach 84

C Caidreamh leis an bpobal **88**

4. Institiúid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol **91**

5. Ag breathnú chun cinn **95**

6. Bígí nasctha! **99**

Koen Lenaerts

Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Bliain shuaite a bhí sa bhliain 2023 ar an stáitse idirnáisiúnta, agus an cogadh san Úcráin ag leanúint ar aghaidh chomh maith le teacht chun cinn coinbhleachta armtha nuaí sa Mheánoirthear. I gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil idéal na síochána faoi bhagairt níos mó agus níos mó, breathnaítear ar ár nInstitiúid mar ráthaíocht cobhsaíochta trí chomhlíonadh a misin chun an ceartas, an smacht reachta, luachanna daonlathacha agus cearta bunúsacha a chaomhnú. Trína cásdlí, lean an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta ag obair i dtreo na luachanna agus na cearta sin a chosaint, trína chur in iúl go láidir gur cuid d'fhéiniúlacht an Aontais iad mar dhlíchóras coiteann do na Ballstáit.

Le bliain anuas, lean an Chúirt lena dianphlé leis na cúirteanna náisiúnta, na cúirteanna bunreachtúla agus uachtaracha den chuid is mó, go háirithe i gcomhthéacs roinnt cruinnithe a eagraíodh laistigh den institiúid féin. I mí Mheán Fómhair, thug an dara heagrán de na comhdhálacha 'EUnited in Diversity' sa Háig le chéile freisin ionadaithe iomadúla ó na dlínsí bunreachtúla agus uachtaracha sin, chomh maith le comhaltaí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, le rannpháirtíocht chomhaltaí na Cúirte Breithiúnais, ar téamaí a bhaineann leis an smacht reachta, éagsúlacht bhunreachtúil na mBallstát agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais. Mar a dhéanann sé gach bliain, thug Fóram na nGiúistísí Náisiúnta deis do mhalartuithe fónta idir comhaltaí na hinstitiúide agus na cúirteanna náisiúnta, rud a chothódh tuiscint níos fearr ar ghnéithe sonracha na gcóras dlí náisiúnta agus an Aontais. Is laistigh den chreat sin, a chuidíonn le malartuithe, go bhfuilimid ag leanúint leis an idirphlé a thosaíomar le breithiúna náisiúnta breis agus 70 bliain ó shin, i spiorad na hoscailteachta agus na héisteachta.

Ba bhreá le Umberto Eco a rá gurb í 'teanga na hEorpa an t-aistriúchán'. Ón tús, bhí ár nInstitiúid an-tiomanta don ilteangachas, rud a chiallaíonn gur féidir le dlíthí ar bith achomharc a dhéanamh in aon cheann de na 24 theanga oifigiúla dá rogha féin, agus tá rochtain ag saoránach ar bith ar sciar mór de chinntí breithiúnacha na hInstitiúide sna teangacha éagsúla seo. Chun leanúint leis an éagsúlacht teanga seo a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach saoránach ar cheartas an Aontais ina dteanga féin, tá roinnt tionscadal curtha i gcrích ag an gCúirt a leag béim

ar thábhacht an ilteangachais i dtógáil na hEorpa.

Ar deireadh, tá sé léirithe ag ár nInstitiúid go bhfuil sí ina comhartha athnuachana, trí imlíne a thabhairt ar oibriú chúirteanna an Aontais amach anseo. Ba í an bhliain 2023 buaic na bpléití doimhne idir dhá chúirt an Aontais le blianta beaga anuas maidir le haistriú páirteach dhlínse an réamhrialaithe ón gCúirt Bhreithiúnais go dtí an Chúirt Ghinearálta, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh le Conradh Nice ó 2003 i leith. I bhfianaise an mhéadaithe ar dhlíthíocht a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, is gá dáileadh níos fearr ar an ualach oibre idir an dá chúirt a áirithiú, agus an tseirbhís is fearr is féidir a thairiscint do dhlíthithe. Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an tionscadal athchóirithe seo ag deireadh na bliana 2023 mar chuid den 'quadrilogue' lena dtugtar le chéile ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCúirt. Is comhartha é an comhaontú seo, nach bhfuil a chur i bhfeidhm beacht sainithe fós i rialacha nós imeachta an dá chúirt, ar an muinín sa Chúirt Ghinearálta, a bhfuil a cumas gníomhaíochta méadaithe faoi dhó le blianta beaga anuas. Is céim shuntasach chun cinn é seo maidir le leanúint leis an athchóiriú ar an ailtireacht bhreithiúnach a tosaíodh in 2016.

A bhuí le tiomantas chomhaltaí an dá chúirt agus a foireann ar fad, bhí an Institiúid in ann oibriú ar bhonn laethúil chun an tionscadal um lánpháirtiú Eorpach a neartú, a bheidh, in 2024, ag croílár an chomóraidh ar 20 bliain an mhéadaithe mhóir in 2004.



1

Sracfhéachaint ar 2023

A An bhliain in íomhánna

Eanáir

Ainm bréige a shannadh do chásanna anaithnide

Tugtar ainm bréige do na teistiméireachtaí anaithnidithe le haghaidh réamhrialú trí úsáid a bhaint as gineadóir ainmneacha uathoibríoch ríomhairithe. Is é is aidhm don tionscnamh seo cosaint sonraí pearsanta a neartú agus é a dhéanamh níos éasca cásanna a shainaithint ag an am céanna.

Gealltanas sollúnta ag seisear Comhaltaí nua de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Arna gceapadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, tugann comhaltaí nua Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, Jorg Kristijan Petrovič, Stef Blok, George Marius Hyzler, Lefteris Christoforou, Laima Liucija Andrikienė agus Keit Pentus-Rosimannus, a ngealltanas sollúnta os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Feabhra

Cuairt toscaireachta na Cúirte i Ríge

Téann toscaireacht, atá comhdhéanta de bhreithiúna Laitviacha na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, Ineta Ziemele agus Inga Reine faoi seach, agus comhaltaí bhainistíocht shinsearach na Cúirte Breithiúnais, go Ríge (an Laitvia) mar chuid de chuairt oibre chun cumarsáid, malartú faisnéise agus comhar idir institiúidí na Laitvia agus an Chúirt a neartú.

Aibreán

Leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta

D'fhonn córas ceartais nua-aimseartha agus éifeachtúil a chur chun cinn, leasaíonn an Chúirt Ghinearálta a Rialacha Nós Imeachta. Is é is cuspóir do na hathruithe sin nósanna imeachta breithiúnacha a shoiléiriú agus a shimpliú, lena n-áirítear an fhéidearthacht físchomhdháil a úsáid le haghaidh éisteachtaí, síniú leictreonach cinntí agus cásanna píolótacha a ainmniú.

Freascó ó Mhúsaem Náisiúnta Seandálaíochta Napoli

Tá *Vittoria alata*, freascó ó Pompeii, tugtha ar iasacht ag Músaem Náisiúnta Seandálaíochta Napoli (MANN) don Chúirt lena chur ar taispeáint. Siombail na síochána agus an rathúnais ag dul siar go dtí an chéad aois AD, léiríonn an freascó seo an nasc idir an ealaín agus an institiúid bhreithiúnach.

Eagraíodh comhdháil nuair a chríochnaigh Emmanuel Coulon mar Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta

Ar chríochnú sheirbhís Emmanuel Coulon, Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta ó 2005 go 2023, tionóltar comhdháil dar teideal 'Breithnithe maidir leis an dlí nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta' i Mór-Sheomra na Cúirte Ginearálta.

Bealtaine

Babhta ceannais den chomórtas 'European Law Moot Court'

In 1988 a eagraíodh European Law Moot Court den chéad uair, agus tá sé ar an gcomórtas is mó ar domhan i réimse dhlí an Aontais Eorpaigh. Is í Ollscoil Turin (an Iodáil) an fhoireann a bhuaigh in 2023.

Lá na hEorpa

Chun comóradh a dhéanamh ar Dhearbhú Schuman, osclaíonn an Chúirt a doirse do shaoránaigh chun cabhrú leo tuilleadh a fhoghlaim faoina gníomhaíochtaí. Trí thurais threoraithe, a thairgtear den chéad uair go fíorúil freisin, foghlaimíonn na saoránaigh faoi ról agus feidhmiú an dá chúirt, faoi shaol an cháis agus faoi sheirbhísí na hInstitiúide.

Oscailt Ghairdín an Ilteangachais

Osclaítear Gairdín an Ilteangachais, atá suite i síneadh chearnóg na hInstitiúide, ar Lá na hEorpa. Déanann an spás glas nua seo, lena chineálacha plandaí éagsúla, ceiliúradh ar aontacht na héagsúlachta trí theangacha agus cultúir agus is é bunbhrí na Cúirte é.

Breithiúnas in *Meta Platforms Ireland* v *an Coimisiún*

Déanann an Chúirt Ghinearálta, ag féachaint do na bearta tionlacain a rinne an Coimisiún (lena n-áirítear seomra fíorúil sonraí a chur ar bun), caingean Meta Platforms Ireland a dhíbhe agus measann sí gur beart iomchuí é iarraidh an Choimisiúin, i gcomhthéacs imscrúdú ar iompar frithiomaíoch, doiciméid ina bhfuil téarmaí cuardaigh áirithe a thíolacadh chun an córas iomaíoch dá bhforáiltear sna Conarthaí a choinneáil ar bun (T-451/20).

Meitheamh

Comóradh 50 bliain aontachas na Danmhairge agus na hÉireann

In 1973, chuaigh an Danmhairg agus Éire (chomh maith leis an Ríocht Aontaithe) isteach san Aontas Eorpach. Déanann an dá Bhallstát seo comóradh 50 bliain d'aontachas agus den chéad mhéadú ar an Aontas Eorpach.

Vittorio Di Bucci, Cláraitheoir nua na Cúirte Ginearálta, á chur faoi mhionn

Déanann Breithiúna na Cúirte Ginearálta Vittorio Di Bucci a cheapadh mar Chláraitheoir Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ar feadh téarma oifige sé bliana. Tagann sé i gcomharbacht ar Emmanuel Coulon.

Glacadh na Straitéise maidir leis an Intleacht Shaorga

Glacann an Chúirt a Straitéis maidir le hUirlisí atá bunaithe ar an Intleacht Shaorga a chomhtháthú. Leagtar amach sa doiciméad seo na cuspóirí agus na prionsabail maidir le húsáid na n-uirlisí sin, tugtar forléargas ann ar na príomhrioscaí agus moltar rialachas.

Iúil

Comóradh 10 mbliana aontachas na Cróite leis an Aontas Eorpach

An 1 Iúil 2013, ba í an Chróit an Ballstát deireanach a tháinig isteach san Aontas Eorpach. 10 mbliana níos déanaí, i mí Eanáir 2023, tháinig sí isteach sa limistéar euro agus i limistéar Schengen freisin. Chun an chéim stairiúil seo a cheiliúradh, reáchtáiltear searmanas i Mór-Sheomra na Cúirte Breithiúnais.

Breithiúnas in *Meta Platforms agus páirtithe eile*

Tar éis tarchur a rinne cúirt de chuid na Gearmáine, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfadh údarás iomaíochta náisiúnta a chinneadh gur sáraíodh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i gcomhthéacs imscrúdú ar mhí-úsáid ceannasachta (C-252/21).

Meán Fómhair

Comhdháil 'Aontaithe san Éagsúlacht II' sa Háig

Don dara heagrán seo de chomhdhálacha 'EUnited', tagann toscaireacht ón gCúirt Bhreithiúnais le chéile sa Háig le breithiúna ó na cúirteanna bunreachtúla agus uachtaracha náisiúnta agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine chun plé a dhéanamh ar an smacht reachta agus ar an ngá atá le héagsúlacht bhunreachtúil na mBallstát a chaomhnú.

Beirt Chomhaltaí nua den Chúirt Ghinearálta á gcur faoi mhionn

Glacann Saulius Lukas Kalėda (an Liotuáin) agus Louise Spangsberg Grønfeldt (an Danmhairg) an mionn ag éisteacht shollúnta nuair a théann siad i mbun a ndualgas mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.

Comhdháil Ilteangachais sa Chúirt

Ag díriú ar dhul chun cinn teicneolaíoch, pléann cainteoirí agus rannpháirtithe na comhdhála úsáid uirlisí nua éifeachtacha d'obair speisialtóirí i réimsí an aistriúcháin agus na hateangaireachta dlí.

Deireadh Fómhair

Bronnadh saothair ealaíne ó Ghailearaí Náisiúnta na Slóivéine

Ar chuairt chuig an gCúirt ó Uachtarán Phoblacht na Slóivéine, Nataša Pirc Musar, tá trí shaothar ealaíne – *Poletje* (samhradh) agus *Zima* (geimhreadh) le Tugo Šušnik, chomh maith le *Lipizzaner Horse* le Janez Boljka – ar iasacht ó Ghailearaí Náisiúnta na Slóivéine le haghaidh taispeántais.

Samhain

Fóram na mBreithiúna

Tagann breithiúna na gcúirteanna náisiúnta le chéile sa Chúirt chun saincheisteanna éagsúla a phlé, amhail imeachtaí um réamhrialú, coincheap an neamhspleáchais bhreithiúnaigh faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, cosaint tomhaltóirí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla.

Gealltanas sollúnta ag ochtar Comhaltaí nua d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

Tugann José António Lopes Ranito, Ignacio de Lucas Martín, Miranda de Meijer, Gedgaudas Norkūnas, Anne Pantazi Lamprou, Nikolaos Paschalis, Ursula Schmudermayer agus Andrea Venegoni a ngealltanas sollúnta os comhair na Cúirte ar thús a chur lena bpost in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

Nollaig

Comhaontú polaitiúil ar aistriú páirteach na dlínse réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta

Ag cruinniú den 'quadrilogue' idir ionadaithe Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh agus na Cúirte Breithiúnais, thángthas ar chomhaontú polaitiúil ar iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le dlínse réamhrialaithe a aistriú go páirteach chuig an gCúirt Ghinearálta.

Breithiúnas in *European Superleague Company*

Arna iarraidh sin do chúirt de chuid na Spáinne, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór cumhachtaí rialála, rialaithe agus smachtbhannaí FIFA agus UEFA i ndáil le comórtais sacair idirchlubanna a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile, amhail an Superleague, a fheidhmiú ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, i gcás nach sárófaí dlí na hiomaíochta ná an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (C-333/21).

Lá Feasachta Míchumais sa Chúirt

Eagraíonn an Institiúid, atá tiomanta go hiomlán don inrochtaineacht agus don chuimsiú, ceardlanna agus seimineáir ghréasáin chun feasacht a mhúscailt i measc a foirne maidir le cearta daoine faoi mhíchumas.

| B An bhliain i bhfigiúirí

An Institiúid in 2023



81 bhreitheamh as na **27** mBallstát

an Chúirt Bhreithiúnas

27 mbreitheamh

11 Abhcóide Ghinearálta

an Chúirt Ghinearálta

54 bhreitheamh

Buiséad: **487** milliún

2 302
oifigeach agus seirbhíseach

60 %
bean

40 %
fear

Le hionadaíocht na mban i bpoist freagrachta laistigh den riarachán, cuirtear an Chúirt os cionn mheán na nInstitiúidí Eorpacha.

Tá na poist seo a leanas ag mná:

55 % de phoist mar riarthóirí

43 % de phoist mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta

An bhliain bhreithiúnach (an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta)

2 092 * chás a tugadh isteach

1 687 gcás a socraíodh

2 990 * cás atá ar feitheamh

Meánfhad na n-imeachtaí: **17.2** mí

---

e-Curia

Céatadán na ndoiciméad nós imeachta a seoladh trí e-Curia:

89 % an Chúirt Bhreithiúnais

94 % an Chúirt Ghinearálta

10 502 chuntas rochtana e-Curia

Is feidhmchlár teicneolaíochta é e-Curia lena gcuirtear ar chumas ionadaithe páirtithe i gcásanna a thugtar os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, chomh maith le cúirteanna agus binsí náisiúnta i gcomhthéacs iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais, doiciméid nós imeachta a mhalartú leis na Clárlanna trí mhodhanna leictreonacha amháin.

e-Curia: Feidhmchlár chun doiciméid dhlíthiúla a mhalartú leis an gCúirt

féach ar an bhfíseán ar YouTube

* Ag deireadh na bliana 2023, tugadh sraith eisceachtúil de 404 chás a bhí comhionann go bunúsach, os comhair na Cúirte Ginearálta maidir le cearta a fuarthas nó a bhí á bhfáil faoin scéim pinsean forlíontach do Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh na cásanna sin a uamadh. Má áirítear iad mar chás amháin, is iad na glanfhigiúirí ná 1 689 gcás a tugadh isteach agus 2 587 gcás atá ar feitheamh.

Na seirbhísí teanga

Mar institiúid bhreithiúnach ilteangach, ní mór don Chúirt a bheith in ann déileáil le cás, beag beann ar theanga oifigiúil an Aontais inar tugadh an cás isteach. Cinntíonn sí ansin go scaiptear a cásdlí sna teangacha oifigiúla go léir.

24 theanga nós imeachta

552 phéire teanga

611 dhlítheangeolaí chun doiciméid i scríbhinn a aistriú

1 290 000 leathanach le haistriú

1 268 000 leathanach aistrithe

647 n-éisteacht agus gcruinniú le hateangaireacht chomhuaineach

70 ateangaire le haghaidh éisteachtaí agus cruinnithe

An tIlteangachas ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – rochtain chomhionann ar an gceartas a chinntiú

féach ar an bhfíseán ar YouTube

Ag an gCúirt, déantar aistriúcháin i gcomhréir le socruithe teanga éigeantacha lena ndéantar foráil gur féidir gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a úsáid. Is téacsanna dlí an-teicniúil iad na doiciméid go léir atá le haistriú. Sin é an fáth nach bhfostaíonn seirbhís teanga na Cúirte ach **dlítheangeolaithe** a bhfuil a n-oideachas sa dlí críochnaithe acu agus a bhfuil sáreolas acu ar dhá theanga ar a laghad seachas a dteanga dhúchais.

CVRIA
CVRIA

2

Gníomhaíocht bhreithiúnach

A An Chúirt Bhreithiúnais in 2023

Déileálann an Chúirt Bhreithiúnais leis na nithe seo a leanas go príomha:

- **iarrataí ar réamhrialú**

I gcás ina bhfuil amhras ar chúirt náisiúnta maidir le léiriú ar riail an Aontais nó maidir lena bailíocht, cuirfidh sí bac ar na himeachtaí os a comhair agus cuirfidh sí an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Nuair a bheidh an t-ábhar soiléirithe ag cinneadh na Cúirte Breithiúnais, beidh an chúirt náisiúnta in ann an díospóid atá os a comhair a réiteach. I gcásanna ina n-éilítear freagairt laistigh de thréimhse an-ghearr (mar shampla, maidir le tearmann, rialú teorann, fuadach leanaí, etc.), déantar foráil do **nós imeachta práinne um réamhrialú ('PPU')**;

- **caingne díreacha**, a bhaineann leis an méid seo a leanas:
  - gníomh de chuid an Aontais a chur ar neamhní **('caingean le haghaidh neamhniú')** nó
  - dearbhú nach gcomhlíonann Ballstát dlí an Aontais **('imeachtaí maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh')**. Mura gcomhlíonfaidh an Ballstát an breithiúnas inar cinneadh nár chomhlíon sé a chuid oibleagáidí, féadfaidh leis an dara caingean, ar a dtugtar caingean maidir le **'mainneachtain dhúbailte oibleagáidí a chomhlíonadh'**, an Chúirt Bhreithiúnais a spreagadh chun pionós airgid a fhorchur air.

- **achomhairc** i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta, agus féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní ina ndiaidh;

- **iarrataí ar thuairim** maidir le comhaontú atá beartaithe ag an Aontas a thabhairt i gcrích le tríú Stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta (arna dtíolacadh ag Ballstát nó ag Institiúid Eorpach) a bheith ag luí leis na Conarthaí.

Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Breithiúnais

Koen Lenaerts

Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Bhí na míonna deiridh 2023 marcáilte le caibidlíochtaí maidir leis an iarraidh reachtach a rinne an Chúirt Bhreithiúnais chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i mí na Samhna 2022, d'fhonn dhlínse na Cúirte chun réamhrialuithe a thabhairt i sé réimse shonracha a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta (cáin bhreisluacha, dleachtanna máil, an Cód Custaim, rangú earraí de réir taraife san ainmníocht chomhcheangailte, cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí, agus scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil) agus, ar an dara dul síos, raon feidhme na meicníochta, a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2019, a leathnú chun achomhairc i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta a ligean isteach roimh ré. Ba é aidhm na iarrata reachtaí sin cothromaíocht níos fearr a áirithiú, ar mhaithe le leas an duine

821

chás a tugadh isteach

518 nós imeachta um réamhrialú lena n-áirítear **2** PPU

Na Príomh-Bhallstáit as a dtionscnaítear na hiarrataí:

An Ghearmáin	**94**
An Bhulgáir	**51**
An Pholainn	**48**
An Iodáil	**43**
An Rómáin	**40**

60 caingean dhíreach lena n-áirítear:

49 gcaingean maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh agus **3** chaingean 'maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhó'.

231 achomharc i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta

8 n-iarratas ar chúnamh dlíthiúil

aonair ceartas ardchaighdeáin a thabhairt laistigh de thréimhsí ama réasúnta, san ualach oibre idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, ar a bhfuil beirt bhreithiúna in aghaidh an Bhallstáit ó mhí Iúil 2022 (54 san iomlán).

Mar sin beidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann díriú níos mó ar a croíchúraimí mar chúirt bhunreachtúil agus uachtarach an Aontais. Mar a tharla le blianta beaga anuas, is sainairíonna de chuid na dlíthíochta a tugadh os comhair na Cúirte, cibé acu trí réamhrialú nó caingne díreacha (go háirithe caingne mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh), ná saincheisteanna íogaire a bhaineann go rialta leis an Mór-Dhlísheomra, amhail luachanna an smachta reachta a chaomhnú i gcomhthéacs na n-athchóirithe breithiúnacha náisiúnta, an bheartais tearmainn agus inimirce, cosaint sonraí pearsanta agus cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta san aois dhigiteach, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe, agus saincheisteanna comhshaoil, fuinnimh agus aeráide.

Beidh aistriú páirteach dhlínse an réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta bunaithe ar dhá bhunphrionsabal, arna rialú ag breithnithe a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, luas agus trédhearcacht: an prionsabal 'ionad ilfhreastail', ar dá réir a gcaithfear aon iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte i gcónaí, a chinnfidh cibé acu an dtagann nó nach dtagann cás a tharchuirtear i gcomhair réamhrialú go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha thuasluaite, agus an prionsabal aistrithe iomlán na gcásanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú go léir a bhaineann go heisiach le ceann amháin nó ceann eile de na hábhair shonracha sin. Más rud é, ar an taobh eile, nach dtagann an cás faoina raon feidhme go heisiach, go háirithe sa mhéid go n-ardaíonn sé ceisteanna neamhspleácha maidir le léiriú an dlí phríomhúil nó na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, déileálfaidh an Chúirt leis.

Ní dochar, áfach, tarchur chun réamhrialú a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta do cheart na Cúirte Ginearálta an cás a tharchur ar

Féadfaidh páirtí nach bhfuil in ann costais na n-imeachtaí a íoc iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce.

ais chuig an gCúirt Bhreithiúnais má mheasann sí go n-éilíonn an cás cinneadh prionsabail ná do cheart na Cúirte Breithiúnais chun athbhreithniú a dhéanamh, go heisceachtúil, ar an gcinneadh a thug an Chúirt Ghinearálta i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go mbainfí an bonn d'aontacht nó de chomhsheasmhacht dhlí an Aontais.

Tar éis roinnt míonna de scrúdú agus caibidlíocht, thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an iarraidh reachtach seo i mí na Nollag 2023. Mar chuid den chomhaontú seo, tá sé ordaithe go bhfoilseofar na pléadálacha nó na barúlacha i scríbhinn arna gcur isteach ag páirtí sna himeachtaí maidir leis an tarchur le haghaidh réamhrialú ar shuíomh gréasáin na Cúirte laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis chlabhsúr an cháis, mura ndéanfaidh an páirtí sin agóid i gcoinne foilsiú.

Tráth scríofa na tuarascála seo, ní raibh an t-amchlár beacht chun na leasuithe ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a ghlacadh go foirmiúil ná an dáta a thiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm tugtha chun críche fós, agus tá obair fós le déanamh, go háirithe maidir le leasú a dhéanamh ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, a bheidh ag teastáil chun an t-athchóiriú a chur chun feidhme. Mar sin féin cruthaítear leis an bhformheas seo, i bprionsabal, go bhféadfaí feidhmiú chúirteanna an Aontais a ath-shainmhíniú sna blianta amach romhainn.

Tháinig athrú ar chomhdhéanamh na Cúirte in 2023, nuair a d'imigh an tAbhcóide Ginearálta Pitruzzella tar éis dó a bheith ceaptha ina bhreitheamh i gCúirt Bhunreachtúil na hIodáile.

Maidir leis na staitisticí don bhliain seo caite, léiríonn siad arís nádúr marthanach ghníomhaíochtaí na Cúirte Breithiúnais le blianta beaga anuas. In 2023, tugadh 821 chás os comhair na Cúirte Breithiúnais, níos mó ná mar a tugadh in 2022, agus cuireadh deireadh le 783 chás, líon sách cosúil leis na trí bliana roimhe sin. Ba é meántréimhse na n-imeachtaí, gach cineál cásanna le chéile, ná 16.1 mí, agus ba é líon na gcásanna ar feitheamh an 31 Nollaig 2023 ná 1149.

783

chás a socraíodh

532 nós imeachta um réamhrialú lena n-áirítear

4 PPU

36 chaingean dhíreacha lena n-áirítear **18** mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a aimsíodh i gcoinne **13** Bhallstát

3 chaingean 'maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhó'

201 achomharc i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta

37 n-achomharc i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta

Meánfhad na n-imeachtaí: **16.1 mí**

Meánfhad na nósanna imeachta práinne um réamhrialú: **4.3 mí**

1 149

gcás atá ar feitheamh amhail ón 31 Nollaig 2023

Príomhábhair:	
Státchabhair agus iomaíocht	**143**
Limistéar saoirse, slándála agus ceartais	**118**
Comhfhogasú reachtaíochta	**88**
Cánachas	**83**
Cosaint tomhaltóirí	**76**
Iompar	**63**
Comhshaol	**51**
Prionsabail dhlí an Aontais	**50**
Beartas sóisialta	**47**
Maoin intleachtúil	**47**

Féach ar staitisticí mionsonraithe na Cúirte Breithiúnais

Comhaltaí na Cúirte Breithiúnais

Tá 27 mBreitheamh agus 11 Abhcóide Ghinearálta sa Chúirt Bhreithiúnais.

Ceaptar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta trí chomhaontú a dhéanann rialtais na mBallstát, tar éis dul i gcomhairle le coiste atá freagrach as tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarratasóirí ionchasacha chun na cúraimí lena mbaineann a chur i gcrích. Is téarma oifige sé bliana a bhíonn acu, agus is téarma inathnuaite an téarma sin.

Roghnaítear iad ó na daoine nach bhfuil amhras ar bith ann faoin neamhspleáchas, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin, nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht.

Feidhmíonn na Breithiúna a ndualgais ar mhodh atá go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách.

Toghann Breithiúna na Cúirte Breithiúnais idir eatarthu an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán. Ainmníonn na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta an Cláraitheoir ar feadh téarma sé bliana.

Tá na hAbhcóidí Ginearálta freagrach as tuairim bhreithiúnach, dá ngairtear 'Tuairim', go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách, a thabhairt sna cásanna a shanntar dóibh. Ní gá do Bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais an Tuairim sin a leanúint.

In 2023, níor ceapadh aon chomhalta nua chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

7
8
9
10
12
14
15

K. Lenaerts
Uachtarán

L. Bay Larsen
Leas-Uachtarán

A. Arabadjiev
Uachtarán an Chéad Dlísheomra

A. Prechal
Uachtarán an Dara Dlísheomra

K. Jürimäe
Uachtarán an Tríú Dlísheomra

C. Lycourgos
Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra

E. Regan
Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra

M. Szpunar
an Chéad Abhcóide Ginearálta

T. von Danwitz
Uachtarán an Séú Dlísheomra

F. Biltgen
Uachtarán an Seachtú Dlísheomra

N. J. Cardoso da Silva Piçarra
Uachtarán an Ochtú Dlísheomra

Z. Csehi
Uachtarán an Deichiú Dlísheomra

O. Spineanu-Matei
Uachtarán an Naoú Dlísheomra

J. Kokott
Abhcóide Ginearálta

M. Ilešič
Breitheamh

J.-C. Bonichot
Breitheamh



M. Safjan
Breitheamh

S. Rodin
Breitheamh

M. Campos Sánchez-Bordona
Abhcóide Ginearálta

P. G. Xuereb
Breitheamh

L. S. Rossi
Breitheamh

I. Jarukaitis
Breitheamh

P. Pikamäe
Abhcóide Ginearálta

A. Kumin
Breitheamh

N. Jääskinen
Breitheamh

N. Wahl
Breitheamh

J. Richard de la Tour
Abhcóide Ginearálta

A. Rantos
Abhcóide Ginearálta

I. Ziemele
Breitheamh

J. Passer
Breitheamh

D. Gratsias
Breitheamh

M. L. Arastey Sahún
Breitheamh

A. M. Collins
Abhcóide Ginearálta



M. Gavalec
Breitheamh

N. Emiliou
Abhcóide Ginearálta

T. Ćapeta
Abhcóide Ginearálta

L. Medina
Abhcóide Ginearálta

A. Calot Escobar
Cláraitheoir

An t-ord prótacail amhail an 15/11/2023

B An Chúirt Ghinearálta in 2023

Féadfar **caingne díreacha** arna dtionscnamh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha (daoine aonair, cuideachtaí, comhlachais, etc.), i gcás ina bhfuil **baint aonair nó dhíreach** acu agus ag na Ballstáit i gcoinne gníomhartha de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, chomh maith le caingne díreacha lena lorgaítear cúiteamh as damáiste arna ndéanamh ag na hInstitiúidí nó ag a seirbhísigh, a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta ag an gcéad chéim.

Tá cuid mhór dá dlíthíocht de **chineál eacnamaíoch**: maoin intleachtúil (trádmharcanna, dearaí de chuid an Aontais Eorpaigh), iomaíocht, Státchabhair agus maoirseacht baincéireachta agus airgeadais.

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta freisin breith a thabhairt i ndíospóidí na seirbhíse sibhialta idir an tAontas Eorpach agus a sheirbhísigh.

Is féidir **breitheanna** ón gCúirt Ghinearálta **a achomharc** os comhair na Cúirte Breithiúnais, ach tá na hachomhairc sin teoranta do phointí dlí. I gcásanna a ndearnadh iad a bhreithniú faoi dhó cheana féin (ag bord achomhairc neamhspleách agus ansin ag an gCúirt Ghinearálta), ní cheadóidh an Chúirt Bhreithiúnais don achomharc dul ar aghaidh ach amháin má ardaítear leis saincheist atá suntasach maidir le haontacht, comhsheasmhacht nó forbairt dhlí an Aontais.

Marc van der Woude

Uachtarán na Cúirte Ginearálta

Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Ginearálta

Le linn 2023, tháinig athchóiriú na Cúirte Ginearálta, a rinneadh líon na mbreithiúna a dhúbailt (Rialachán Uimh. 2015/2422), i bhfeidhm go hiomlán. Tá fianaise ar an méid sin le feiceáil i staitisticí na cúirte. Chuir an Chúirt Ghinearálta clabhsúr le 904 chás as 868 a taisceadh (gan 404 chás comhionann a taisceadh ag deireadh na bliana san áireamh), rud a laghdaigh líon na gcásanna ar feitheamh. Ina theannta sin, tá meánfhad na n-imeachtaí coinnithe ag leibhéal sásúil: 18.2 mí ar an meán, atá ina tháscaire ar bhainistiú éifeachtach cásanna.

Ag an am céanna, tá comhdhlúthú déanta ag an gCúirt Ghinearálta ar a cleachtas maidir le níos mó cásanna a tharchur chuig foirmíochtaí méadaithe. In 2023, ba trí fhoirmíochtaí méadaithe a bhí 13.6% de na cásanna ar cuireadh clabhsúr leo agus rinneadh 120 cás ar a laghad a tharchur chuig foirmíochtaí den sórt sin. I gcásanna áirithe atá thar a bheith tábhachtach, ní bhíonn drogall ar an gCúirt Ghinearálta a thuilleadh iad a tharchur chuig a Mór-Dhlísheomra de 15 bhreitheamh. Go háirithe, ba san éisteacht fhoirmiúil sin a thug an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas in *Veiniséala* v *an Chomhairle* maidir le bearta sriantacha a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcoinne chuideachtaí agus náisiúnaigh Veiniséala (T-65/18 RENV; féach caibidil 'Súil siar ar na

breithiúnais is tábhachtaí i rith na bliana'). Cuireadh faoi bhráid an Mhór-Dhlísheomra freisin ceithre chás a thug ceithre cinn d'eagraíochtaí breithiúna Eorpacha maidir le plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Polainne (T-530/22 go T-533/22), agus dhá chás a bhain le bearta sriantacha arna gcur chun feidhme ag an Aontas Eorpach in aghaidh na Rúise mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin (T-635/22 agus T-644/22).

Tá na torthaí sásúla seo i bpáirt mar thoradh ar chobhsaíocht chomhdhéanamh na cúirte. Go deimhin, níor fhág ach beirt bhreithiúna an oifig in 2023, is iad sin na Breithiúna Frimodt Nielsen agus Valančius, ar tháinig an Breitheamh Kalėda agus an Breitheamh Spangsberg Grønfeldt ina n-ionad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an méid a chuir siad le riaradh cuí an cheartais san Aontas Eorpach. Sa bhliain 2023 freisin d'imigh an Cláraitheoir Coulon, tar éis 18 mbliana de sheirbhís dhílis, agus tháinig a chomharba, an tUasal Di Bucci. Eagraíodh collóiciam ar dhlí nós imeachta an Aontais chun imeacht an Uasail Coulon a chomóradh, le meascán d'ómós agus cur i láthair ardleibhéil.

Le linn 2023, lean an Chúirt Ghinearálta lena próiseas nuachóirithe, go háirithe chun feabhas a chur ar láimhseáil na gcásanna is mó agus is casta. Tuilleann na cásanna seo, go ginearálta i réimse an dlí eacnamaíoch agus airgeadais, cur chuige réamhghníomhach agus sainoiriúnaithe maidir le leithdháileadh acmhainní agus pleanáil oibre araon. Leis an gcur chuige seo, a mbeidh baint ag ionadaithe na bpáirtithe leis, beifear in ann fad na n-imeachtaí a laghdú agus freagairt ar bhealach níos spriocdhírithe d'ionchais na bpáirtithe.

Ina theannta sin, d'fhonn freagairt go hiomlán d'ionchais dhlisteanacha daoine aonair d'fhonn an dlínse a aistriú go páirteach chun réamhrialú a thabhairt i réimsí sonracha áirithe agus an sásra a leathnú lena gcinntear an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh, d'oibrigh an Chúirt Ghinearálta le linn 2023 ar na hathruithe is riachtanacha ar a socruithe eagraíochtúla agus ar a rialacha nós imeachta amach anseo.

1 271 *

chás a tugadh isteach

1 148

gcaingean dhíreacha lena n-áirítear:

Maoin intleachtúil agus thionsclaíoch	**309**
Seirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh	**75**
Státchabhair agus iomaíocht	**23**

13

chaingean arna dtabhairt ag na Ballstáit

65

iarratas ar chúnamh dlíthiúil

Féadfaidh páirtí nach bhfuil in ann costais na n-imeachtaí a íoc iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce.

* Ag deireadh na bliana 2023, tugadh sraith eisceachtúil de 404 chás a bhí comhionann go bunúsach, os comhair na Cúirte Ginearálta maidir le cearta a fuarthas nó a bhí á bhfáil faoin scéim pinsean forlíontach do Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh na cásanna sin a uamadh. Má áirítear iad mar chás amháin, is iad na glanfhigiúirí ná 868 gcás a tugadh isteach (745 chaingean dhíreacha) agus 1 438 gcás atá ar feitheamh.

Savvas S. Papasavvas

Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta

Nuálaíochtaí sa chásdlí

Bíonn ualach cásanna na Cúirte Ginearálta ag athrú i gcónaí. Arna spreagadh ag na hachomhairc arna dtaisceadh ag dlíthithe, cuireann gach breithiúnas cleite nua leis an sciathán dlí-eolaíochta. Ní haon eisceacht don riail í an bhliain 2023, agus chuaigh an Chúirt Ginearálta i ngleic le saincheisteanna nua i réimsí traidisiúnta, agus réitigh sí an bealach do dhlíthíocht atá ag forbairt go tapa. Deis a bhí ann freisin don Mhór-Dhlísheomra teacht le chéile ar mhór-shaincheist den chomhbheartas eachtrach agus slándála.

Ó bunaíodh í, tá forfheidhmiú rialacha iomaíochta san áireamh i sainchúram na Cúirte Ginearálta. Mar sin tá saineolas ar leith aici sa réimse seo. Mar sin féin, toisc go bhfuil an timpeallacht dhlíthiúil sa réimse seo, mar atá i réimsí eile, ag síorathrú, bíonn ceisteanna nua ag teacht chun cinn i gcónaí. Is é seo an cás go háirithe i mbreithiúnas an 24 Bealtaine 2023, *Meta Platforms Ireland* v *an Coimisiún* (T-451/20), inar scrúdaigh an Chúirt, den chéad uair, dlíthiúlacht iarratais ar fhaisnéis trí théarmaí cuardaigh faoi Rialachán 1/2003 agus dlíthiúlacht nós imeachta seomra sonraí fíorúil chun doiciméid a phróiseáil ina bhfuil sonraí pearsanta íogaire. Bhí ar an gCúirt Ghinearálta a chinntiú go raibh a iarratas teoranta ag an gCoimisiún don fhaisnéis a bhí riachtanach chun na sáruithe toimhdithe a bhí údar lena imscrúdú a fhíorú. (féach alt 'Fócas').

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt ceisteanna suimiúla agus nua mar thoradh ar chóras dliteanais neamhchonarthaigh an Aontais Eorpaigh, is cuma cé chomh clasaiceach agus dea-shainithe atá sé. Tugadh caingean os comhair na Cúirte ag lorg cúiteamh as an damáiste ábhartha agus neamhábhartha a d'fhulaing International Management Group tar éis don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) tuarascáil imscrúdaithe a scaoileadh chuig an bpreas maidir lena stádas dlíthiúil. Mhaígh an t-iarratasóir go raibh iompar an Choimisiúin, a raibh roinnt comhaontuithe déanta aige leis, agus iompar OLAF neamhdhleathach. Chuige sin, i mbreithiúnas an 28 Meitheamh 2023, *IMG* v *an Coimisiún* (T-752/20), shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta na coinníollacha a bhí le comhlíonadh chun sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí a bhí beartaithe cearta a thabhairt do dhaoine aonair a shuíomh.

Tá baincéireacht agus airgeadas ar cheann de na réimsí dlíthíochta is mó fáis. Go sonrach, beidh an Chúirt Ghinearálta ag éisteacht le líon méadaitheach na n-achomharc ag eascairt as tabhairt isteach an tSásra Réitigh Aonair in 2014. Soláthraíonn an sásra sin creat bainistithe géarchéime baincéireachta chun bainc mhóra i mBallstáit áirithe a réiteach. Braitheann sé go háirithe ar an mBord Réitigh Aonair, atá freagrach as réiteach na mbanc ar a bhfuil dóchúlacht nó cinnteacht go dteipfidh orthu a ullmhú agus a chur chun feidhme. Go háirithe, i roinnt breithiúnas a tugadh an 22 Samhain 2023, rialaigh an Chúirt Ghinearálta ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe maidir le hiarratas chun cinneadh ón mBord Réitigh Aonair a chur ar leataobh maidir le cúiteamh féideartha do scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a ndéanann réiteach bainc difear dóibh (*Cásanna Uamtha T-302/20, T-303/20 agus*

T-307/20 Del Valle Ruíz agus páirtithe eile v *CRU, agus Cásanna T-304/20 Molina Fernández* v *CRU, T-330/20 ACMO agus páirtithe eile* v *CRU agus T-340/20 Galván Fernández-Guillén* v *CRU*).

Ar deireadh, gan dearmad a dhéanamh ar cheann de na forbairtí cásdlí is suntasaí le bliain anuas, bhí breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2023, *Veiniséala* v *an Chomhairle* (T-65/18 RENV; féach an chaibidil dar teideal 'Súil siar ar na breithiúnais is tábhachtaí i rith na bliana'). Agus í ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, rialaigh an Chúirt Ghinearálta ar dhlíthiúlacht na mbeart sriantach i gcoinne tríú Stát, sa chás seo Veiniséala, mar gheall ar mheath leanúnach ar staid na tíre sin ó thaobh an daonlathais, an smachta reachta agus chearta an duine. Sa chomhthéacs sin, bhí ar an gCúirt Ghinearálta breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna íogaire a bhain le ceart an tríú Stát chun éisteacht a fháil agus na sáruithe líomhnaithe ar an dlí idirnáisiúnta a mhaígh sí.

904

chás a socraíodh

786

chaingean dhíreacha lena n-áirítear:

Maoin intleachtúil agus thionsclaíoch	**278**
Státchabhair agus iomaíocht	**163**
Seirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh	**66**

14 chaingean arna dtabhairt ag na Ballstáit

Meánfhad na n-imeachtaí: **18.2 mí**

Cion na gcinntí a ndearnadh achomharc ina gcoinne os comhair na Cúirte Breithiúnais: **31 %**

1 841

chás atá ar feitheamh

(amhail ón 31 Nollaig 2023)

Príomhábhair:	
Dlí institiúideach	**543**
Maoin intleachtúil agus thionsclaíoch	**330**
Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta	**238**
Státchabhair agus iomaíocht	**176**
Bearta sriantacha	**116**
Seirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh	**111**
Rochtain ar dhoiciméid	**35**
Sláinte phoiblí	**32**
Talmhaíocht	**30**
Beartas tráchtála	**29**

Féach ar staitisticí mionsonraithe na Cúirte Ginearálta

Comhaltaí na Cúirte Ginearálta

Tá an Chúirt Ghinearálta comhdhéanta de bheirt bhreithiúna ó gach Ballstát.

Roghnaítear breithiúna na Cúirte Ginearálta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Is iad rialtais na mBallstát a cheapann, de thoil a chéile, na breithiúna, tar éis dóibh dul i gcomhairle le painéal atá an cúram air tuairim a thabhairt maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí. Is téarma oifige sé bliana a bhíonn acu, agus is téarma inathnuaite an téarma sin. Ainmníonn siad Uachtarán agus Leas-Uachtarán as a measc féin ar feadh téarma trí bliana. Ainmníonn siad an Cláraitheoir ar feadh téarma oifige sé bliana.

Feidhmíonn na Breithiúna a ndualgais ar mhodh atá go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách.

I mí an Mheithimh 2023, ainmníodh Vittorio Di Bucci mar Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta.

I mí Mheán Fómhair 2023, chuaigh beirt bhreithiúna i mbun a gcuid dualgas sa Chúirt Ghinearálta: Saulius Lukas Kalėda (an Liotuáin) agus Louise Spangsberg Grønfeldt (an Danmhairg).



M. van der Woude
Uachtarán

S. S. Papasavvas
Leas-Uachtarán

D. Spielmann
Uachtarán an Chéad Dlísheomra

A. Marcoulli
Uachtarán an Dara Dlísheomra

F. Schalin
Uachtarán an Tríú Dlísheomra

R. da Silva Passos
Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra

J. Svenningsen
Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra

M. J. Costeira
Uachtarán an Séú Dlísheomra

K. Kowalik-Bańczyk
Uachtarán an Seachtú Dlísheomra

A. Kornezov
Uachtarán an Ochtú Dlísheomra

L. Truchot
Uachtarán an Naoú Dlísheomra

O. Porchia
Uachtarán an Deichiú Dlísheomra

M. Jaeger
Breitheamh

H. Kanninen
Breitheamh

J. Schwarcz
Breitheamh

M. Kancheva
Breitheamh



E. Buttigieg
Breitheamh

V. Tomljenović
Breitheamh

S. Gervasoni
Breitheamh

L. Madise
Breitheamh

N. Półtorak
Breitheamh

I. Reine
Breitheamh



P. Nihoul
Breitheamh

U. Öberg
Breitheamh

C. Mac Eochaidh
Breitheamh

G. De Baere
Breitheamh

R. Frendo
Breitheamh

T. R. Pynnä
Breitheamh

J. C. Laitenberger
Breitheamh



R. Mastroianni
Breitheamh

J. Martín y Pérez de Nanclares
Breitheamh



G. Hesse
Breitheamh

M. Sampol Pucurull
Breitheamh



M. Stancu
Breitheamh

P. Škvařilová-Pelzl
Breitheamh

I. Nõmm
Breitheamh

G. Steinfatt
Breitheamh

R. Norkus
Breitheamh

T. Perišin
Breitheamh

D. Petrlík
Breitheamh

M. Brkan
Breitheamh

P. Zilgalvis
Breitheamh

K. Kecsmár
Breitheamh

I. Gâlea
Breitheamh

I. Dimitrakopoulos
Breitheamh

D. Kukovec
Breitheamh

S. Kingston
Breitheamh

T. Tóth
Breitheamh

B. Ricziová
Breitheamh

E. Tichy-Fisslberger
Breitheamh

W. Valasidis
Breitheamh

S. Verschuur
Breitheamh

S. Lukas Kalėda
Breitheamh

L. Spangsberg Grønfeldt
Breitheamh

V. Di Bucci
Cláraitheoir

An t-ord prótacail amhail an 27/9/2023

C Cásdlí in 2023

Fócas Nasc idir cosaint sonraí pearsanta agus dlí na hiomaíochta

Breithiúnas in *Meta Platforms agus páirtithe eile* an 4 Iúil 2023 (C-252/21)

Chuir Údarás Cónaidhme Iomaíochta na Gearmáine cosc ar na cuideachtaí i nGrúpa Meta úsáid a bhaint as an líonra sóisialta Facebook ag a úsáideoirí sa Ghearmáin faoi réir a gcuid sonraí '*off Facebook*' a phróiseáil gan a dtoiliú. Bhí sé den tuairim nach raibh próiseáil na sonraí atá i gceist i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus, dá bhrí sin, gur bhain Grúpa Meta mí-úsáid as a cheannasacht.

Tar éis do chúirt Ghearmánach an t-ábhar a tharchur chuici i gcomhthéacs imeachtaí arna dtionscnamh ag Grúpa Meta i gcoinne an toirmisc sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil údarás iomaíochta Ballstáit i dteideal a chinneadh go ndearnadh sárú ar RGCS i gcomhthéacs imscrúdú ar mhí-úsáid ceannasachta. Tá sé de cheangal air, áfach, comhoibriú go dílis leis na húdaráis mhaoirseachta shonracha a bhunaítear leis an Rialachán sin. Má bhí an t-iompar a scrúdaíodh ina ábhar do chinneadh ó na húdaráis sin nó ón gCúirt cheana féin, tá an t-údarás iomaíochta faoi cheangal ag a measúnuithe a bhaineann le RGCS.

Rialaigh an Chúirt freisin ar an gceist an gceadaítear sonraí 'íogaire', atá toirmiscthe i bprionsabal ag RGCS, a cheadú go heisceachtúil i gcásanna inar fhollas gur chuir an t-ábhar sonraí na sonraí sin ar fáil go poiblí. Ós rud é go dtugann úsáideoir cuairt ar shuíomhanna gréasáin nó ar aipeanna a d'fhéadfadh sonraí íogaire a nochtadh, amhail bunadh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó ghnéaschlaonta, chinn sí nach gciallaíonn sé sin go ndéanann an t-úsáideoir sin a chuid nó a cuid sonraí a phoibliú go follasach de réir bhrí RGCS. Is amhlaidh atá i gcás ina gcuireann úsáideoir faisnéis isteach

RGCS

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), déantar dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a chaighdeánú agus a leagan amach faoi chóras aonair.

Cuireann RGCS oibleagáidí ar aon chomhlacht, poiblí nó príobháideach, chomh luath agus a bhailíonn sé sonraí pearsanta i gcríoch an Aontais Eorpaigh. Bíonn cineálacha éagsúla pionós ar chomhlachtaí nach gcomhlíonann oibleagáidí RGCS.

Sa ré dhigiteach, tugtar le RGCS go leor cearta do dhaoine aonair, amhail an ceart chun faisnéise, an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad agus an ceart rochtain a fháil ar shonraí pearsanta a bhailítear nó na sonraí sin a scriosadh, rud a chuidíonn le cosaint a bpríobháideachais a neartú. Meastar gurb iad sin na rialacha is déine ar domhan i réimse na cosanta sonraí.

nó ina gcliceálann sé nó sí ar chnaipí comhtháite, ach amháin má tá rogha déanta go sainráite aige roimh ré na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí do líon neamhtheoranta daoine.

Ós rud é go bhfuil ceannasacht ag an oibreoir líonra, ní chuireann sé sin cosc ar an úsáideoir toiliú go bailí agus go saor le próiseáil a gcuid sonraí. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gceannasacht sin ar shaoirse rogha na n-úsáideoirí, is gné thábhachtach é chun a chinneadh ar tugadh an toiliú sin go bailí. Cuireann an Chúirt leis sin gur faoin oibreoir atá sé a chruthú go bhfuil toiliú den sórt sin ann.

Sonraí *'off Facebook'*

Bainistíonn Meta Platforms Ireland an líonra sóisialta ar líne Facebook laistigh den Aontas Eorpach. Trí chlárú le Facebook, glacann a úsáideoirí leis na téarmaí ginearálta arna dtarraingt suas ag an gcuideachta sin, ina bhfuil na beartais sonraí agus fianán. De réir na mbeartas sin, bailíonn Meta Platforms Ireland sonraí faoi ghníomhaíochtaí úsáideoirí ar an líonra sóisialta agus lasmuigh de agus nascann sé na sonraí le cuntais Facebook na n-úsáideoirí lena mbaineann. Baineann na sonraí sin, ar a dtugtar sonraí 'off Facebook' freisin, le cuairteanna ar leathanaigh ghréasáin agus aipeanna tríú páirtí chomh maith le húsáid seirbhísí eile ar líne a bhaineann le grúpa Meta (lena n-áirítear Instagram agus WhatsApp). Nuair a bhailítear na sonraí sin, is féidir na teachtaireachtaí fógraíochta atá beartaithe d'úsáideoirí Facebook a phearsantú.



Fócas Cumhachtaí rialála FIFA agus UEFA agus dlí an Aontais Eorpaigh.

Breithiúnas in *European Superleague Company* an 21 Nollaig 2023 (C-333/21)

Is iad FIFA agus UEFA na cónaidhmeanna idirnáisiúnta sacair a dhéanann maoirsiú ar sacar gairmiúil san Eoraip. Tá rialacha glactha acu a thugann an chumhacht dóibh comórtais Eorpacha club sacair a údarú agus leas a bhaint as na cearta meáin éagsúla comhfhreagracha. Eagraíonn UEFA comórtais freisin idir clubanna Eorpacha, mar shampla, Sraith na gCuradh.

Tá cinneadh déanta ag 12 chlub sacair Eorpacha comórtas nua sacair a sheoladh: an Superleague. Is dócha go gcuirfidh an tionscadal seo isteach ar reáchtáil chomórtais chlub UEFA agus ar shaothrú na gceart meán comhfhreagrach. Chuir FIFA agus UEFA i gcoinne an tionscadail agus bhagair siad smachtbhannaí a fhorchur ar chlubanna agus imreoirí a chinn páirt a ghlacadh.

Rinne an chuideachta atá freagrach as an tionscadal, European Superleague Company, agóid i gcoinne rialacha FIFA agus UEFA os comhair cúirt i Maidrid, a d'fhiafraigh ar an gCúirt Bhreithiúnais faoina gcomhoiriúnacht le dlí an Aontais Eorpaigh, a chuireann cosc ar bhacainní ar shaoriomaíocht agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

I gcomhréir lena cásdlí '*Bosman*', tá béim curtha ag an gCúirt gur gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh iad eagrú comórtas spóirt agus saothrú na gceart meán comhfhreagrach.

Rialaigh an Chúirt nach mór na cumhachtaí rialála, maoirseachta agus smachtbhannaí atá ag FIFA agus UEFA maidir le heagrú comórtas sacair a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht lena chéile amhail an tionscadal Superleague, chun a áirithiú nach sáraítear dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, a fheidhmiú ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

Chinn an Chúirt freisin go raibh baol ann go sárófaí dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh le rialacha FIFA agus UEFA maidir le saothrú chearta na meán mura rachadh siad chun tairbhe na n-imreoirí éagsúla sa chluiche, mar shampla trína chinntiú go ndéanfaí an t-ioncam a ghintear a athdháileadh ar bhonn comhionann. Thug an Chúirt dá haire gur dócha go ndéanfadh na rialacha seo dochar do chlubanna peile Eorpacha, do chuideachtaí a oibríonn i margaí na meán cumarsáide agus do thomhaltóirí agus do lucht féachana, trí chosc a chur orthu leas a bhaint as comórtais nua, a d'fhéadfadh a bheith nuálaíoch nó suimiúil.

Cásdlí '*Bosman*'

Ina breithiúnas suntasach *Bosman* an 15 Nollaig 1995 (C-415/93), rialaigh an Chúirt, i dtéarmaí ginearálta, gur gníomhaíocht eacnamaíoch atá clúdaithe ag dlí an Aontais é cleachtas an spóirt. Mheas an Chúirt freisin go gcuirtear cosc le saorghluaiseacht oibrithe:

- ar chlásail náisiúntachta arna nglacadh ag cónaidhmeanna spóirt nach bhféadfaidh clubanna spóirt ach líon teoranta imreoirí gairmiúla ar náisiúnaigh de chuid Ballstát eile iad a chur chun páirce, agus
- ar na clásail aistrithe atá leagtha síos ag na cónaidhmeanna sin, nach bhféadfaidh imreoir gairmiúil is náisiúnach de Bhallstát é a fhostú ag club i mBallstát eile ar dhul in éag dá chonradh le club mura mbeidh cúiteamh íoctha aige leis an gclub tionscnaimh.

An Chúirt agus spórt

Ó bhreithiúnas Bosman i leith, is iomaí ócáid a bhí ag an gCúirt rialú a dhéanamh ar na coinníollacha faoinar féidir spórt a chleachtadh i bhfianaise dhlí eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh:

- ní féidir na clásail náisiúntachta dá dtagraítear i mbreithiúnas *Bosman* maidir le fir agus mná spóirt is náisiúnaigh de na Ballstáit a chur i bhfeidhm maidir le fir agus mná spóirt ó Stát a bhfuil comhaontú comhlachais nó comhpháirtíochta tugtha i gcrích ag an Aontas leis (breithiúnais in *Deutscher Handballbund* an 8 Bealtaine 2003 (C-438/00) agus *Simutenkov* an 12 Aibreán 2005 (C-265/03)),
- tagann rialacha frithdhópála an Choiste Oilimpigh Idirnáisiúnta faoi raon feidhme dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh, ach ní thagann siad salach ar a chéile toisc go bhfuil siad riachtanach chun stiúradh cuí comórtas spóirt a áirithiú (breithiúnas in *Meca-Medina and Majcen* v *an Coimisiún* an 18 Iúil 2006 (C-519/04 P))
- féadfaidh clubanna sacair liúntas oiliúna comhréireach a éileamh le haghaidh imreoirí óga atá oilte acu nuair is mian leis na himreoirí sin a gcéad chonradh gairmiúil a shíniú le club i mBallstát eile (breithiúnas in *Olympique Lyonnais* an 16 Márta 2010 (C-325/08)).

Fócas Cosaint sonraí pearsanta agus sáruithe a bhaineann le hiomaíocht idir gnóthais a chomhrac

Breithiúnas in *Meta Platforms Ireland* v *an Coimisiún* an 24 Bealtaine 2023 (T-451/20)

In 2020, i gcomhthéacs imscrúdú ar iompar frithiomaíoch líomhnaithe ar thaobh ghrúpa Facebook, agus é ag úsáid sonraí pearsanta agus i mbainistiú a ardáin líonra shóisialta, chuir an Coimisiún de cheangal ar Meta Platforms Ireland gach doiciméad a d'ullmhaigh nó a fuair triúr feidhmeannach ina raibh téarma sonrach amháin nó níos mó a sholáthar dó.

Áiríodh leis na téarmaí sin, go háirithe, *'big question'* (ceist mhór), '*for free*' (saor in aisce), '*not good for us*' (ní maith dúinn) agus '*shut* down*' (múchadh).

In éagmais na faisnéise sin, bhí Meta faoi réir íocaíocht phionóis fhéideartha €8 milliún in aghaidh an lae.

Os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, rinne Meta agóid i gcoinne dhlíthiúlacht an iarratais sin ar fhaisnéis ón gCoimisiún Eorpach. Dar le Meta, ba léir go raibh na téarmaí cuardaigh sin ródhoiléir agus róghinearálta agus bhí siad mar chuid de 'cuardaigh faisnéise' ar scála leathan.

Cumhachtaí imscrúdaitheacha an Choimisiúin

Le rialacha iomaíochta an Aontais, cuirtear cosc ar chomhaontuithe idir gnóthais, ar chinntí a dhéanann comhlachais gnóthas agus ar chleachtais chomhbheartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit agus a d'fhéadfadh iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh (Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh [CFAE]). Cuireann siad cosc freisin ar ghnóthais a bhfuil ceannasacht acu ar mhargadh mí-úsáid a bhaint as an staid sin, mar shampla trí phraghsanna éagóracha a chur i bhfeidhm, táirgeadh a theorannú nó nuálaíocht a dhiúltú chun dochair do thomhaltóirí (Airteagal 102 CFAE).

Tá ról ríthábhachtach ag Rialachán AE Uimh. 1/2003 i gcur chun feidhme rialacha iomaíochta. Cuireann sé cumhachtaí leathana imscrúdaithe de chúram ar an gCoimisiún Eorpach. Féadfaidh an Coimisiún, go háirithe, cigireachtaí a dhéanamh agus agallamh a chur ar aon duine a bhféadfadh rochtain a bheith acu ar fhaisnéis ábhartha.

Ag an am céanna, rinne Meta iarratas ar bhearta eatramhacha lena n-iarrtar iarraidh an Choimisiúin a chur ar fionraí ar feitheamh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta maidir le substaint an cháis.

An 29 Deireadh Fómhair 2020, rialaigh Uachtarán na Cúirte Ginearálta maidir leis an iarratas ar bhearta eatramhacha. D'ordaigh sé go gcuirfí cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar fionraí go dtí go mbeadh nós imeachta sonrach curtha i bhfeidhm chun na doiciméid a iarradh nach raibh baint acu le gníomhaíochtaí tráchtála Meta agus ina raibh sonraí pearsanta íogaire ('doiciméid faoi chosaint') a thabhairt ar aird. Tar éis an ordaithe sin, chuir an Coimisiún nós imeachta maidir le seomra sonraí fíorúil i bhfeidhm i ndáil leis na doiciméid chosanta sin. Faoin nós imeachta sin, ní fhéadfaí na doiciméid a chur sa chomhad ach amháin tar éis do líon teoranta ball den fhoireann atá freagrach as an imscrúdú agus dlíodóirí Meta scrúdú a dhéanamh orthu sa seomra fíorúil sin.

An 24 Bealtaine 2023, rialaigh an Chúirt Ghinearálta maidir le substaint an cháis. Diúltaíodh do chaingean Meta ina hiomláine.

Ina breithiúnas, tharraing an Chúirt Ghinearálta aird ar chumhachtaí leathana imscrúdaitheacha an Choimisiúin Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann gnóthais na rialacha iomaíochta. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach téarmaí cuardaigh sonracha a úsáid.

META

Is cuideachta teicneolaíochta ilnáisiúnta é Meta a bhfuil a oifig chláraithe aige sna Stáit Aontaithe. Chomh maith le Instagram agus WhatsApp, is é ceann dá tháirgí suaitheanta ná a líonra sóisialta Facebook, a ligeann d'úsáideoirí cláraithe próifílí a chruthú, grianghraif agus físeáin a uaslódáil, teachtaireachtaí a sheoladh agus a bheith i dteagmháil le daoine eile. Cuireann Meta seirbhís fógraíochta rúnaicmithe ar líne ar fáil freisin, ar a dtugtar Facebook Marketplace, a chuireann ar chumas úsáideoirí earraí a cheannach agus a dhíol.

Nós imeachta eatramhach

Leis an iarratas ar bhearta eatramhacha, iarrtar oibriú gnímh institiúide a chur ar fionraí láithreach, go dtí go scrúdófar an chaingean agus an breithiúnas críochnaitheach. Chun go n-ordóidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta an beart eatramhach sin, níor cheart, ar an gcéad amharc, an chaingean a bheith gan bhunús. Ní mór don iarratasóir a léiriú freisin, in éagmais fionraí, go bhfulaingeodh sé damáiste tromchúiseach agus doleasaithe. Ar deireadh, ní mór don chinneadh cothromaíocht a bhaint amach idir leas an iarratasóra, ar thaobh amháin, agus leasanna na bpáirtithe eile agus leas an phobail, ar an taobh eile.

Mar fhreagra ar argóint Meta gurbh ionann imscrúdú ina n-úsáidtear téarmaí cuardaigh agus cur isteach ar phríobháideachas na bhfostaithe lena mbaineann, mheas an Chúirt Ghinearálta gur beart iomchuí é chun cuspóirí leasa ghinearálta a bhaint amach, eadhon an córas iomaíochta atá beartaithe le Conarthaí an Aontais Eorpaigh a choinneáil ar bun.

Chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i ndáil leis sin na bearta tionlacain a glacadh. B'éigean na doiciméid chosanta a tharchur chuig an gCoimisiún ar mheán leictreonach ar leith agus iad a chur i seomra fíorúil sonraí. Ní raibh rochtain ar an seomra sin ach ag líon teoranta ball den fhoireann atá freagrach as an imscrúdú. B'éigean na doiciméid a bhí le cur ar an gcomhad a roghnú i láthair dhlíodóirí Meta. I gcás easaontas leanúnach maidir le rúnaicmiú doiciméid, rinneadh eadráin.

Cás T-452/20

Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún, i ndáil le Meta Platforms Ireland, iarraidh ar fhaisnéis i gcomhthéacs a imscrúdaithe chomhthreomhair ar chleachtais áirithe a bhaineann le hardán Facebook Marketplace. Rinne an Chúirt Ghinearálta an chaingean le haghaidh neamhniú a thionscain Meta Platforms Ireland i gcoinne an chinnidh sin a dhíbhe i mbreithiúnas ar an lá céanna i gCás T-452/20.

Rinne Meta achomhairc i gcoinne bhreithiúnais T-451/20 agus T-452/20 ón gCúirt Ghinearálta a thaisceadh os comhair na Cúirte Breithiúnais (cásanna ar feitheamh C-497/23 P agus C-496/23 P).

Fócas Cuideachtaí Eorpacha a chosaint ar smachtbhannaí seach-chríochacha na Stát Aontaithe

Breithiúnas in *IFIC Holding* v *an Coimisiún* an 12 Iúil 2023 (T-8/21)

In 2018, tharraing na Stáit Aontaithe siar as socrú núicléach na hIaráine, a bhí dírithe ar chlár núicléach na hIaráine a rialú mar mhalairt ar dheireadh a chur le smachtbhannaí eacnamaíocha i gcoinne na hIaráine. Mar thoradh ar an tarraingt siar sin, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe smachtbhannaí arís ar an Iaráin agus liosta de na daoine ar chuir siad bac ar a sócmhainní. Cuireadh toirmeasc arís eile ar thrádáil le haon duine nó eintiteas atá ar an liosta a dhréachtaigh údaráis na Stát Aontaithe. Bhí feidhm ag an toirmeasc sin ar an gcaoi chéanna maidir le gnóthais lasmuigh de na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear gnóthais Eorpacha.

Mar fhreagairt ar na smachtbhannaí sin a thabhairt isteach an athuair, thug an tAontas Eorpach a 'Reacht Blocála' cothrom le dáta chun leasanna ghnóthais an Aontais a chosaint. Dá bhrí sin, chun cuideachtaí Eorpacha a chosaint ar éifeachtaí smachtbhannaí na Stát Aontaithe, cuireadh toirmeasc ar na gnóthais sin na smachtbhannaí sin a chomhlíonadh murar údaraigh an Coimisiún Eorpach iad. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfar údarú den sórt sin a dheonú i gcás ina bhféadfadh neamhchomhlíonadh na smachtbhannaí eachtracha dochar tromchúiseach a dhéanamh do leasanna an ghnóthais lena mbaineann nó do leasanna an Aontais Eorpaigh.

Is cuideachta Ghearmánach é IFIC Holding AG atá faoi úinéireacht indíreach Stát na hIaráine agus a cuireadh leis an liosta in 2018. Tar éis an liostaithe sin, chuir Clearstream Banking AG, an t-aon bhanc taisce urrús atá údaraithe sa Ghearmáin, isteach ar íocaíocht na ndíbhinní a fuair an IFIC ó ghnóthais éagsúla de chuid na Gearmáine ina bhfuil bunanna aige, agus chuir sé bac orthu ar chuntas ar leithligh.

Éifeacht sheach-chríochach dlíthe arna nglacadh ag tríú tíortha

Tá reachtaíocht sheach-chríochach i gcás ina síneann a héifeacht thar theorainneacha an Stáit a ghlac í. Le Reacht Blocála an Aontais Eorpaigh (Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle), cosnaítear trádálaithe an Aontais ó chur i bhfeidhm seach-chríochach dlíthe tríú tíortha. Ghlac an tAontas Eorpach an dlí sin in 1996 chun cosaint a thabhairt do ghnóthais Eorpacha ar dhírigh na Stáit Aontaithe ar a ngníomhaíochtaí tráchtála le Cúba, leis an Iaráin nó leis an Libia.

In 2018, mar fhreagairt ar tharraingt siar na Stát Aontaithe as socrú núicléach na hIaráine, nuashonraigh an tAontas Eorpach a Reacht Blocála chun smachtbhannaí seach-chríochacha nua-chríochacha na Stát Aontaithe a áireamh ann. Rinneadh an chéim sin i gcomhthéacs thacaíocht an Aontais do chur chun feidhme leanúnach agus iomlán shocrú núicléach na hIaráine, go háirithe trí thacú leis na naisc thráchtála agus eacnamaíocha idir an tAontas Eorpach agus an Iaráin.

Ina theannta sin, d'iarr Clearstream go n-údaródh an Coimisiún dó cloí le smachtbhannaí na Stát Aontaithe maidir le hurrúis nó cistí IFIC. Ar dtús, dheonaigh an Coimisiún an t-údarú sin, i mí Aibreáin 2020, ar feadh 12 mhí, agus ansin rinne sé é a athnuachan in 2021 agus 2022. Chuir IFIC in aghaidh na gcinntí sin trí chaingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta.

Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta caingean IFIC, rud a d'údaraigh do Clearstream Banking AG cloí leis na smachtbhannaí a forchuireadh ar an Iaráin sna Stáit Aontaithe. Bhí an Chúirt Ghinearálta den tuairim, cé gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún leasanna an ghnóthais a d'iarr an t-údarú a chur san áireamh (Clearstream), nach raibh sé d'oibleagáid air leasanna an ghnóthais liostaithe (IFIC) a chur san áireamh ná roghanna eile nach bhfuil chomh trom céanna a fhiosrú ina leith. Mheas sí freisin gur thug na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas Eorpach i gcomhthéacs smachtbhannaí seach-chríochacha arna bhforchur ag tríú tír bonn cirt le ceart éisteachta IFIC a theorannú le linn an phróisis cinnteoireachta sular dheonaigh an Coimisiún a údarú.

Caingean le haghaidh neamhniú

Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar gníomhartha de chuid Institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha le dlí an Aontais Eorpaigh a neamhniú. Féadfaidh na Ballstáit, na hInstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair, faoi choinníollacha áirithe, caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. Má tá bunús maith leis an ngníomhaíocht, cuirtear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a líonadh ansin, ar folús dlíthiúil é a chruthaítear le neamhniú an ghnímh.

Cás Bank Melli Iran (C-124/20)

Sa chás seo, d'agair BMI, banc atá faoi úinéireacht stát na hIaráine, ag brath ar an Reacht Blocála os comhair chúirteanna na Gearmáine chun cur i bhfeidhm smachtbhannaí na Stát Aontaithe sa Ghearmáin a chonspóid. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, sa chéad chás dá dtagraítear di i ndáil le Reacht Blocála an Aontais Eorpaigh, go bhféadfaí brath os comhair na gcúirteanna náisiúnta i gcomhthéacs imeachtaí sibhialta ar an toirmeasc a leagtar síos i ndlí an Aontais ar na smachtbhannaí arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe i gcoinne na hIaráine a chomhlíonadh.

CVRIA

Súil siar ar na breithiúnais is tábhachtaí i rith na bliana

Tomhaltóirí

Is é an aidhm atá le bearta Eorpacha a bhaineann le cosaint tomhaltóirí ná sláinte, sábháilteacht, agus leasanna eacnamaíocha agus dlíthiúla thomhaltóirí na hEorpa a chosaint, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu, a mbíonn siad ag taisteal nó a mbíonn siad ag siopadóireacht laistigh den Aontas Eorpach.

An Chúirt Bhreithiúnais: cearta thomhaltóirí AE a ráthú

Féach an físeán ar YouTube

Thug duine aonair caingean i gcoinne Mercedes-Benz Group, ag éileamh go ndearna an grúpa damáiste dó trína fheithicil a fheistiú le bogearraí (ar a dtugtar gaireas díchumasaithe) lena laghdaítear ráta athshruthaithe gáis sceite in aimsir fhuar. Ina thuairim, bhí iarmhairtí díobhálacha ag na bogearraí sin don chomhshaol agus contrártha le dlí an Aontais Eorpaigh. Faoi dhlí na Gearmáine, i gcás faillí aonta, féadfaidh ceart chun cúiteamh a fháil a bheith ann más rud é go ndearnadh sárú ar dhlí chun daoine eile a chosaint. Dá bhrí sin, d'iarr cúirt Ghearmánach ar an gCúirt Bhreithiúnais, an gcosnaíonn dlí an Aontais leasanna sonracha cheannaitheoir aonair na feithicle sin. Chinn an Chúirt go mbunaítear le dlí an Aontais nasc díreach idir monaróir na ngluaisteán agus ceannaitheoir aonair mótarfheithicle. Mar sin, **tá sé de cheart ag ceannaitheoir mótarfheithicle atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach cúiteamh a fháil** ón déantóir feithicle i gcás ina ndearna an fheiste sin damáiste don cheannaitheoir**.**

Breithiúnas in *Mercedes-Benz Group* an 21 Márta 2023 (C-100/21)

Chuir cúirt Spáinneach cás faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta áitiúla le dlí an Aontais maidir le seirbhísí cíosa d'fheithiclí fruilithe príobháideacha ('FFP') i gcomhchathair Barcelona. Faoin reachtaíocht sin, ní mór do ghnóthais atá údaraithe cheana féin na seirbhísí sin a sholáthar go náisiúnta ceadúnas breise a fháil chun go mbeidh siad in ann oibriú i gcomhchathair Barcelona. Cuireann an reachtaíocht teorainn freisin le líon na gceadúnas sheirbhís FFP don tríochadú cuid de na ceadúnais seirbhíse tacsaí a deonaíodh don chomhchathair sin. Chinn an Chúirt Breithiúnais go bhféadfadh sé gur ghá ceadúnas a fháil de bhreis ar an gceadúnas dá bhforáiltear ar an leibhéal náisiúnta ar chúiseanna a bhaineann le bainistiú fónta iompair, ach gurb **ionann teorainn a chur le líon na gceadúnas sheirbhís FFP agus srian gan údar ar an tsaoirse bunaíochta agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé contrártha le dlí an Aontais**.

⊕ Breithiúnas in *Prestige and Limousine* an 8 Meitheamh 2023 (C-50/21)

Bhuail carr rothaí, a bhí ar rothar leictreach, ar bhóthar poiblí in aice le Bruges (an Bheilg) agus fuair an rothaí bás cúpla mí ina dhiaidh sin. Le linn na n-imeachtaí breithiúnacha chun aon cheart chun cúitimh a bhunú, tháinig díospóid chun cinn i dtaobh ar cheart rothar leictreach a aicmiú mar 'fheithicil'. Tá an t-aicmiú sin (atá ag brath ar léiriú ar threoir de chuid an Aontais) ríthábhachtach chun a chinneadh an raibh an t-íospartach ina thiománaí ag 'mótarfheithicil' nó an raibh sé i dteideal cúiteamh uathoibríoch a éileamh mar 'úsáideoir soghonta bóithre' i gcomhréir le dlí na Beilge. Ina breithiúnas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais **nár cumhdaíodh rothar leictreach leis an oibleagáid chun mótarfheithiclí a árachú, toisc nár le cumhacht mheicniúil amháin a thiomáintear é**. Feistí nach le cumhacht mheicniúil amháin a thiomáintear iad, amhail rothar leictreach a d'fhéadfadh luasú suas le 20 km/u tar éis ionchur tosaigh cumhachta matáin, is cosúil nach bhfuil siad in ann damáiste coirp nó ábhartha a dhéanamh atá inchomparáide leis an damáiste a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ghluaisrothair, gluaisteáin, trucailí nó feithiclí eile a thiomáintear go heisiach le cumhacht mheicniúil, toisc gur féidir leis na feistí sin luasanna i bhfad níos airde a bhaint amach.

⊕ Breithiúnas in *KBC Verzekeringen* an 12 Deireadh Fómhair 2023 (C-286/22)

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ghlac roinnt Ballstát, lena n-áirítear an tSlóvaic, bearta maidir le haisíocaíocht ó ghníomhaireachtaí taistil ar thurais a cuireadh ar ceal ar fhorais sláinte. Ceadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta sin dearbháin a bhfuil tréimhse bhailíochta 18 mí acu a eisiúint, nach féidir a aisíoc ach amháin tar éis don tréimhse sin dul in éag. Leagadh béim ar na rioscaí dócmhainneachta agus ar na deacrachtaí a bhíonn ag eagraithe taistil chun údar a thabhairt leis na tionscnaimh sin. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais **nach raibh na Ballstáit in ann brath ar *force majeure* chun maolú ar an oibleagáid aisíocaíocht iomlán a sholáthar a leagtar síos sa Treoir maidir le 'Taisteal láneagraithe'**. Mheas sí nach mór luach an taistil a thabhairt ar ais i bhfoirm airgid: ní féidir le gníomhaireachtaí taistil dearbháin a thairiscint ach amháin má aontaíonn an taistealaí go deonach leis an socrú sin. Trí leasú reachtach a ghlacadh lena séantar go sealadach ar thaistealaithe a gceart deireadh a chur le conradh taistil láneagraithe gan aon táillí a íoc agus aisíocaíocht iomlán a fháil, níor chomhlíon an tSlóvaic a hoibleagáid faoi dhlí an Aontais dá bhrí sin.

⊕ **Breithiúnais in *UFC que Choisir agus CLCV* (C-407/21) agus *an Coimisiún* v *an tSlóvaic* an 8 Meitheamh 2023 (C-540/21)**



Comhshaol

Tá an tAontas tiomanta do cháilíocht an chomhshaoil a chaomhnú agus a fheabhsú, agus do shláinte an duine a chosaint. Tá sé bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, ar an bprionsabal maidir le cosc agus ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'.

An Chúirt Bhreithiúnais agus an Comhshaol

Féach an físeán ar YouTube

In 2018, chinn an Chúirt go raibh sé d'oibleagáid ar an Rómáin stop a chur le dumpáil neamhdhleathach dramhaíola agus 68 líonadh talún neamhúdaraithe a dhúnadh. In 2022, agus é den tuairim nár chomhlíon an Rómáin fós le breithiúnas 2018, thug an Coimisiún caingean nua ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh. Chinn an Chúirt go raibh 31 láithreán neamhúdaraithe fós á gcoimeád ag an Rómáin. Dá bhrí sin, **ordaítear don Rómáin** €1.5 milliún agus €600 in aghaidh an lae de mhoill a íoc as gach líonadh talún neamhúdaraithe. Le linn méid fíneála a shocrú, **chuir an Chúirt san áireamh tromchúis an tsáraithe, fad an tsáraithe agus cumas** na Rómáine **é a íoc**. Tá baol tromchúiseach truaillithe agus tionchair thromchúiseacha ar shláinte an duine i gceist le neamhchomhlíonadh bhreithiúnas 2018, mar gheall ar shubstaintí díobhálacha a scaoileadh isteach san ithir, san aer agus san uisce.

Breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Rómáin* an 14 Nollaig 2023 (C-109/22)

Sonraí pearsanta

Tá bonn láidir agus comhsheasmhach ag Rialacha an Aontais Eorpaigh chun sonraí pearsanta a chosaint. Ní mór próiseáil agus coinneáil sonraí den sórt sin a bheith i gcomhréir leis na coinníollacha dlíthiúlachta a leagtar síos leis na rialacha, go háirithe a bheith teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach agus gan cur isteach go díréireach ar an gceart chun bpríobháideachais.

An Chúirt Bhreithiúnais agus an Saol Digiteach

Féach an físeán ar YouTube

Ag brath ar RGCS, d'iarr saoránach Österreichische Post, príomhoibreoir na seirbhísí poist agus lóistíochta san Ostair, céannacht na bhfaighteoirí ar nocht an t-oibreoir sin a shonraí pearsanta dóibh a nochtadh dó. D'fhiafraigh Cúirt Uachtarach na hOstaire den Chúirt Bhreithiúnais an dtugann RGCS an ceart don ábhar sonraí a bheith ar an eolas faoi chéannacht shonrach na bhfaighteoirí. Mar fhreagra ar an gceist sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, **i gcás inar nochtadh nó ina nochtfar sonraí pearsanta d'fhaighteoirí, go bhfuil oibleagáid ar an rialaitheoir céannacht iarbhír na bhfaighteoirí sin a sholáthar don ábhar sonraí, arna iarraidh sin dó**. Is i gcás nach féidir (go fóill) na faighteoirí sin a shainaithint nach bhféadfaidh an rialaitheoir ach na catagóirí faighteoirí atá i gceist a chur in iúl. Is amhlaidh an cás freisin i gcás ina léiríonn an rialaitheoir gur follasach go bhfuil an iarraidh gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach.

Breithiúnas in *Österreichische Post* an 12 Eanáir 2023 (C-154/21)

In 2014, d'fhoghlaim fostaí den Bhanc Pankki S, a bhí, ag an am céanna, ina chustaiméir de chuid an bhainc sin, go ndeachaigh baill eile d'fhoireann an bhainc i gcomhairle lena shonraí pearsanta roinnt uaireanta. Ós rud é go raibh amhras air maidir le dlíthiúlacht na gcomhairliúchán sin, d'iarr an fostaí sin, a bhris Pankki S as a phost idir an dá linn, ar an mbanc é a chur ar an eolas faoi chéannacht na ndaoine a chuaigh i gcomhairle lena shonraí custaiméara agus faoi dhátaí beachta na gcomhairliúchán agus faoi na cúiseanna a bhí leo. Dhiúltaigh Pankki S céannacht na bhfostaithe a nochtadh ar an bhforas gurbh ionann an fhaisnéis sin agus sonraí pearsanta na bhfostaithe sin. Mar fhreagra ar cheisteanna ó chúirt Fhionlannach, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil sé **de cheart ag gach duine dáta a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta agus na cúiseanna lena gceadú a bheith ar eolas aige nó aici** agus nach bhfuil aon éifeacht ag an rialaitheoir a bheith ag gabháil do ghnó baincéireachta ar raon feidhme an chirt sin.

⊕ **Breithiúnas in *Pankki S* an 22 Meitheamh 2023 (C-579/21)**

Mar fhreagra ar cheist a tharchuir Cúirt Uachtarach Riaracháin na Liotuáine, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go gcoisctear leis an Treoir 'Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach', i dtaca le himscrúduithe ar éilliú sa tseirbhís phoiblí, úsáid a bhaint as sonraí ó chumarsáid leictreonach atá coinnithe ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus a cuireadh ar fáil do na húdaráis ina dhiaidh sin chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Ina theannta sin, ní féidir sonraí tráchta agus sonraí suímh a choimeádann soláthraithe chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac agus a chuirtear ar fáil do na húdaráis **a tharchur ina dhiaidh sin chuig údaráis eile chun mí-iompar a bhaineann le héilliú a chomhrac in oifig**.

⊕ **Breithiúnas in *Lietuvos Respublikos generalinė prokuratūra* an 7 Meán Fómhair 2023 (C-162/22)**

D'iarr othar ar a fhiaclóir cóip dá thaifead leighis a chur ar fáil dó saor in aisce, ach d'iarr an fiaclóir go gclúdódh an t-othar na costais a bhaineann leis an gcóip den taifead sin a sholáthar. Agus é den tuairim go bhfuil sé i dteideal cóip shaor in aisce a fháil, thug an t-othar imeachtaí os comhair chúirteanna na Gearmáine. Mar fhreagra ar an gceist a tarchuireadh chuici le haghaidh réamhrialú, mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais go gcumhdaítear le RGCS an ceart atá ag an othar an chéad chóip dá thaifead leighis nó dá taifead leighis a fháil gan costais a bheith i gceist leis sin, i bprionsabal, agus nach bhféadfadh an rialaitheoir táille a ghearradh ach ar chóipeanna breise amháin. Dá bhrí sin, tá dualgas ar fhiaclóir **an chéad chóip den taifead a chur ar fáil saor in aisce** don othar gan iallach a bheith ar an othar cúiseanna a thabhairt lena iarraidh nó lena hiarraidh.

⊕ **Breithiúnas in *FT (Cóip den taifead leighis)* an 26 Deireadh Fómhair 2023 (C-307/22)**

Cóir chomhionann agus dlí fostaíochta

Tá níos mó ná 240 milliún oibrí san Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, baineann líon mór saoránach tairbhe dhíreach as forálacha dhlí fostaíochta na hEorpa, lena leagtar síos íoschaighdeáin maidir le dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta agus, ar an gcaoi sin, lena gcomhlánaítear na beartais atá á saothrú ag na Ballstáit.

An Chúirt Bhreithiúnais: an chóir chomhionann a ráthú agus cearta mionlach a chosaint

Féach an físeán ar YouTube

An Chúirt Bhreithiúnais san ionad oibre – cearta oibrithe a chosaint

Féach an físeán ar YouTube

Mar fhreagra ar cheist ó chúirt Pholannach, mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil **feidhm ag an gcosaint ar idirdhealú**, a thugtar le Treoir 2000/78 maidir le cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, **maidir le haon ghníomhaíocht gairme** atá fíor agus a shaothraítear i gcomhthéacs caidreamh cobhsaí dlíthiúil. Tá feidhm aici freisin maidir le duine féinfhostaithe atá ag obair ar bhonn conradh seirbhíse. Leis an gcinneadh conradh den sórt sin a fhoirceannadh agus gan é a athnuachan, cuirtear duine féinfhostaithe i bpost is inchomparáide le post oibrí fostaithe a dífhostaíodh. Thairis sin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl nach féidir **le saoirse conartha a bheith ina húdar le diúltú conradh a dhéanamh le duine ar fhoras ghnéaschlaonadh an duine sin**.

Breithiúnas in *TP (Eagarthóir Closamhairc don Teilifís Phoiblí)* an 12 Eanáir 2023 (C-356/21)

D'oibrigh píolóta Gearmánach ar bhonn páirtaimseartha d'aerlíne, agus sonraíodh ina chonradh fostaíochta go bhfaigheadh sé luach saothair bunúsach de réir am dualgais eitilte. D'fhéadfadh sé luach saothair breise a fháil freisin dá ndéanfadh sé, in aon mhí amháin, líon áirithe uaireanta dualgais eitilte agus dá sáródh sé tairseacha áirithe a leagtar síos ina chonradh. Bhí na tairseacha sin comhionann le haghaidh píolótaí lánaimseartha agus páirtaimseartha. D'iarr cúirt de chuid na Gearmáine ar an gCúirt Bhreithiúnais an ionann rialacha náisiúnta lena gceanglaítear ar oibrí páirtaimseartha an líon céanna uaireanta oibre a chur i gcrích agus atá ag oibrí lánaimseartha chun luach saothair breise a fháil, idirdhealú a bhfuil cosc air faoi dhlí an Aontais. D'fhreagair an Chúirt Bhreithiúnais go dearfach, ag tabhairt dá haire **nach féidir oibrithe páirtaimseartha a bheith faoi mhíbhuntáiste má íoctar luach saothair méadaithe as líon áirithe uaireanta oibre a shárú**.

⊕ **Breithiúnas in *Lufthansa CityLine* an 19 Deireadh Fómhair 2023 (C-660/20)**

Chuir tiománaí traenach a bhí fostaithe ag MÁV-START, cuideachta iarnróid náisiúnta na hUngáire, agóid i gcoinne chinneadh a fhostóra gan tréimhse scíthe laethúil 11 uair an chloig as a chéile ar a laghad a dheonú dó. Faoin Treoir maidir le heagrú ama oibre, ní mór an tréimhse scíthe sin a dheonú don oibrí le linn gach tréimhse 24 uair an chloig, nuair a thagann an tréimhse sin roimh thréimhse scíthe sheachtainiúil nó tréimhse shaoire nó tar éis na tréimhse sin. Thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire gur dhá cheart uathrialacha a bhí i dtréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla a shaothraigh cuspóirí ar leith. **Ní cuid den tréimhse scíthe sheachtainiúil í an tréimhse scíthe laethúil ach cuirtear léi í, fiú má thagann sí díreach roimhe**. Dá bhrí sin, ní mór a ráthú go mbeidh gach ceann de na cearta sin á dteachtadh iarbhír ag oibrithe.

⊕ **Breithiúnas in *MÁV-START* an 2 Márta 2023 (C-477/21)**

Saoránacht eorpach

Gach duine a bhfuil náisiúntacht Stáit de chuid an Aontais Eorpaigh aige, is saoránach den Aontas Eorpach é go huathoibríoch. Beidh saoránacht an Aontais de bhreis ar an tsaoránacht náisiúnta agus ní thagann sí ina hionad. Tá cearta sonracha ag saoránaigh an Aontais a ráthaítear le Conarthaí an Aontais.

Rinne iníon máthar Danmhargaí agus athar Mheiriceánaigh, a raibh náisiúntacht Dhanmhargach agus Mheiriceánach aici ó rugadh í sna Stáit Aontaithe, iarratas sa Danmhairg, ag 22 bhliain d'aois, chun a náisiúntacht Dhanmhargach a choinneáil; diúltaíodh don iarratas sin faoi reachtaíocht infheidhme na Danmhairge. Mar fhreagra ar cheist a chuir cúirt de chuid na Danmhairge maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta sin le dlí an Aontais, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfaidh an Danmhairg, i bprionsabal, a fhoráil go gcaillfidh a náisiúnaigh a rugadh thar lear agus nár chónaigh riamh ina gcríoch náisiúntacht na Danmhairge agus iad 22 bliain d'aois. Mar sin féin, ní mór aird chuí a bheith ag an mbeart sin ar phrionsabal na comhréireachta nuair a bhíonn cailliúint saoránachta Eorpaí i gceist leis freisin. Is amhlaidh atá mura bhfuil náisiúntacht Ballstáit eile ag an duine lena mbaineann. Dá bhrí sin, **cuireann dlí an Aontais cosc ar náisiúntacht na Danmhairge a chailleadh go buan, agus dá bhrí sin ar shaoránacht Eorpach, gan fógra a thabhairt don duine lena mbaineann** nó é sin a chur in iúl dó, nó an deis a bheith aige scrúdú aonair a iarraidh ar iarmhairtí an chaillteanais.

⊕ Breithiúnas in *Udlændinge - og Integrationsministeriet* an 5 Meán Fómhair 2023 (C-689/21)

Imirce

Tá sraith rialacha glactha ag an Aontas Eorpach chun beartas imirce Eorpach atá éifeachtach, daonnúil agus sábháilte a chur i bhfeidhm. Leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn, leagtar síos na híoschaighdeáin maidir leis an gcaoi ina gcaitear le hiarrthóirí tearmainn agus a n-iarratas ar fud an Aontais.

In 2016, phós beirt náisiúnach Siriach, X agus Y, sa tSiria agus bhí beirt leanaí acu. In 2019, d'fhág Y an tSiria chun taisteal go dtí an Bheilg, agus d'fhan X agus a mbeirt leanaí sa tSiria. In 2022, d'aithin údaráis na Beilge Y mar dhídeanaí sa Bheilg. Chuir dlíodóir X agus na leanaí isteach, trí ríomhphost, iarratas ar athaontú teaghlaigh ionas go bhféadfaidís dul le Y sa Bheilg, ag míniú gur chuir na cúinsí eisceachtúla in iarthuaisceart na Siria bac orthu taisteal chuig post taidhleoireachta Beilgeach chun an t-iarratas a chur isteach ansin. D'fhreagair an Oifig Inimirce nárbh fhéidir, faoi dhlí na Beilge, iarratas a dhéanamh trí ríomhphost agus thug sí cuireadh do Y agus dá leanaí teagmháil a dhéanamh le hambasáid na Beilge. Mar fhreagra ar cheist a chuir cúirt Bheilgeach isteach, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh **reachtaíocht na Beilge lena leagtar síos an ceanglas teacht i láthair go pearsanta ag post taidhleoireachta i gcás iarratas ar athaontú teaghlaigh contrártha do dhlí an Aontais**. Mar sin féin, d'fhéadfadh foráil a dhéanamh sa reachtaíocht go bhféadfaí a cheangal ar an iarratasóir/na hiarratasóirí teacht i láthair go pearsanta níos déanaí.

⊕ **Breithiúnas in *Afrin* an 18 Aibreán 2023 (C-1/23 PPU)**

Thug an Ungáir dlí isteach lena gceanglaítear ar náisiúnaigh tríú tír nó ar dhaoine gan stát atá i láthair ar a críoch nó iad féin a chur i láthair ag a teorainneacha taisteal ar dtús chuig ceann dá hambasáidí thar lear, sa tSeirbia nó san Úcráin, chun dearbhú a thíolacadh ansin agus cead a fháil dul isteach i gcríoch na hUngáire, sula mbeidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta san Ungáir. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais **gur chruthaigh an Ungáir bacainní míréasúnta d'iarrthóirí tearmainn, i gcodarsnacht le bunphrionsabail an Aontais, trí phróiseas an iarratais ar thearmann a dhéanamh róchasta**. D'fhéadfadh sé nach mbeadh údar leis an mbeart sin mar gheall ar an gcomhrac i gcoinne galair thógálacha i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 toisc go bhfuil sé díréireach i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú.

⊕ Breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Ungáir* an 22 Meitheamh 2023 (C-823/21)

An smacht reachta

Leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, amhail an Conradh ar an Aontas Eorpach, déantar tagairt shainráite don smacht reachta mar cheann de chomhluachanna coiteanna na mBallstát. Gné bhunriachtanach den smacht reachta is ea neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna.

An smacht reachta a chur i bhfeidhm san Aontas

Féach an físeán ar YouTube

Rinne an Coimisiún agóid i gcoinne athchóiriú breithiúnach na Polainne i mí na Nollag 2019 os comhair na Cúirte Breithiúnais. Sheas an Chúirt le cinneadh an Choimisiúin, ina gceanglaítear ar **na Ballstáit a áirithiú nach dtéann a reachtaíocht maidir le heagrú an cheartais in olcas, i bhfianaise luach an smachta reachta**. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais go bhféadfadh ceisteanna a bheith ag breithiúna náisiúnta, a n-iarrtar orthu féin dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, maidir lena stádas agus maidir le comhlíonadh a ndualgas ag cúirt nó binse nach gcomhlíonann ceanglas an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta. Ina theannta sin, ní féidir cosc a chur ar chúirteanna náisiúnta measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann cúirt nó breitheamh na ceanglais a bhaineann le cosaint dlí éifeachtach faoi dhlí an Aontais, trí tharchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, i gcás inarb iomchuí. Ar deireadh, tá forálacha náisiúnta lena gceanglaítear ar bhreithiúna a nochtadh an bhfuil siad ina gcomhaltaí de chomhlachas, d'fhondúireacht neamhbhrabúis nó de pháirtí polaitiúil, agus lena bhforáiltear go gcuirfear an fhaisnéis sin ar líne, ag teacht salach ar chosaint sonraí pearsanta agus go ndéanfar an saol príobháideach a urramú.

Breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn* an 5 Meitheamh 2023 (C-204/21)

Maoin intleachtúil

Leis na rialacha arna nglacadh ag an Aontas chun maoin intleachtúil (cóipcheart) agus tionsclaíochta (dlí trádmharcanna, cosaint dearaí) feabhsaítear iomaíochas gnólachtaí trí thimpeallacht a chothú lena ndéantar cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú.

Maoin Intleachtúil sa Chúirt Ghinearálta

Féach an físeán ar YouTube

Dhiúltaigh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) don iarratas ar chlárú idirnáisiúnta an fhocail 'EMMENTALER'. Rinne *Emmentaler Switzerland* agóid i gcoinne an chinnidh sin, a d'athdheimhnigh EUIPO mar gheall ar chineál tuairisciúil an trádmhairc. Ina breithiúnas, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean a thíolaic *Emmentaler Switzerland*, ag cinneadh go dtuigeann pobal na Gearmáine láithreach an comhartha EMMENTALER go n-ainmnítear cineál cáise inti, rud a fhágann gur marc tuairisciúil é. **Chun clárú comhartha a dhiúltú, is leor go bhfuil carachtar tuairisciúil ag an gcomhartha i gcuid den Aontas Eorpach**. Dá bhrí sin, ní féidir an téarma 'EMMENTALER' a chosaint mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh cáiseanna.

Breithiúnas in *Emmentaler Switzerland* v *EUIPO (EMMENTALER)* an 24 Bealtaine 2023 (T-2/21)

Rinne monaróir Iodálach éadaí carnabhail agóid i gcoinne lógó Batman a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh os comhair na Cúirte Ginearálta. Chinn an Chúirt Ghinearálta nár leor an fhianaise a chuir an monaróir sin ar fáil chun a léiriú nach raibh saintréith ag baint leis an trádmharc, arb ionann é agus sciathán ubhchruthach. **Fágann an tsainiúlacht sin gur féidir leis an bpobal na hearraí a chumhdaítear leis an trádmharc a chomhlachú le foilsitheoir Batman**, DC Comics, **agus iad a idirdhealú ó earraí de chuid gnóthas eile**.

Breithiúnas in *Aprile e Commerciale Italiana* v *EUIPO - DC Comics* an 7 Meitheamh 2023 (T-735/21)

I gcomhthéacs díospóid idir comhlachtaí bainistíochta cóipchirt de chuid na Rómáine agus aeriompróir, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur cumarsáid leis an bpobal de réir bhrí dhlí an Aontais é ceol a chraoladh ar mhodh iompair paisinéirí mar chúlra ceoil. Mar sin féin, ní hionann trealamh fuaime a shuiteáil, ar bord modh iompair agus, i gcás inarb iomchuí, bogearraí lenar féidir ceol cúlra a chraoladh, agus cumarsáid den sórt sin. Dá bhrí sin, **cuireann dlí an Aontais cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear toimhde maidir le saothair cheoil a chur in iúl don phobal bunaithe ar chórais fuaime a bheith ann i modhanna iompair amháin**.

⊕ **Breithiúnais in *Blue Air Aviation* agus *UPFR* an 20 Aibreán 2023 (Cásanna Uamtha C-775/21 agus C-826/21)**

Tar éis díospóid os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) maidir le clárú chomhartha tríthoiseach scútar 'Vespa', thug Piaggio caingean os comhair na Cúirte Ginearálta. Chuir Piaggio roinnt fianaise ábhartha faoi bhráid EUIPO, amhail pobalbhreitheanna, sonraí maidir le toirt díolacháin, láithreacht 'Vespa' ag Músaem na Nua-Ealaíne i Nua-Eabhrac, úsáid scútair 'Vespa' i scannáin a bhfuil aithne dhomhanda orthu mar 'Roman Holiday' agus láithreacht chlubanna 'Vespa' i roinnt mhaith Ballstát. De réir Piaggio, léiríonn an fhianaise sin cineál clúiteach an 'Vespa' agus, dá bhrí sin, a aitheantas ar fud an Aontais Eorpaigh. **D'aontaigh an Chúirt Ghinearálta le Piaggio, sa mhéid gur léirigh an fhianaise an tsaintréith a fuarthas tríd an trádmharc a úsáid ar fud an Aontais Eorpaigh.**

⊕ **Breithiúnas in *Piaggio & C.* v *EUIPO - Zhejiang Zhongneng Industry Group* an 29 Samhain 2023 (T-19/22)**

Bearta sriantacha agus beartas eachtrach

Is ionstraim bhunriachtanach de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh iad bearta sriantacha nó 'smachtbhannaí' chun a luachanna, a leasanna bunúsacha agus a shlándáil a chosaint. Le smachtbhannaí, féachtar le hathrú a dhéanamh ar bheartas nó iompar iad siúd ar a bhfuil siad dírithe.

Áiríodh Belaeronavigatsia, gnóthas faoi úinéireacht Stát na Bealarúise atá freagrach as aerspás a rialáil, ar liostaí smachtbhannaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar gheall ar an bhfreagracht as eitilt FR4978 a atreorú chuig aerfort Minsk an 23 Bealtaine 2021, rud a d'fhág gur gabhadh beirt de lucht freasúra an réimis a bhí ar bord (Raman Pratasevitch agus Sofia Sapega). **Le léiriú a dhéanamh den chéad uair ar an gcoincheap 'duine atá freagrach as an gcos ar bolg a imirt', dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean a thug Belaeronavigatsia**, agus chinn sí nach bhféadfadh an gnóthas atá faoi úinéireacht an Stáit a bheith ar an eolas gur chuir atreorú na heitilte leis an gcos ar bolg ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.

⊕ Breithiúnas in *Belaeronavigatsia* v *an Chomhairle* an 17 Feabhra 2023 (T-536/21)

Mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus chathair Sevastopol ag an Rúis i mí an Mhárta 2014, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh sraith beart sriantach an 17 Márta 2014. Tar éis don Rúis tús a chur le cogaíocht ar mhórscála i gcoinne na hÚcráine i mí Feabhra 2022, chuir an Chomhairle le liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach: comhaltaí den rialtas, de na bainc, de dhaoine gnó agus de Chomhaltaí den Chomhthionól Cónaidhme (Dúma Stáit). Go háirithe, chuir an Chomhairle ainm Violetta Prigozhina, máthair Yevgeniy Prigozhin, atá freagrach as amhais Ghrúpa Wagner a imscaradh, atá ag troid ar son na Rúise san Úcráin. Dheonaigh an Chúirt Ghinearálta an iarraidh ar ghníomhartha na Comhairle atá dírithe ar Prigozhina a neamhniú, **ag cinneadh go raibh a háireamh ar na liostaí bunaithe ar a caidreamh teaghlaigh lena mac amháin**, rud nach leor chun údar a thabhairt le bearta den sórt sin.

⊕ Breithiúnas in *Prigozhina* v *an Chomhairle* an 8 Márta 2023 (T-212/22)

Maidir le staid chearta an duine, an smachta reachta agus an daonlathais i Veiniséala ag dul in olcas in 2017, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Stát sin. In 2019, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do chaingean a thug Veiniséala i gcoinne na mbeart sin, toisc nach raibh tionchar díreach ag na bearta atá i gceist ar staid dhlíthiúil Veiniséala. Agus achomharc á éisteacht aici, chuir an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas sin ón gCúirt Ghinearálta ar ceal in 2021 agus tharchuir sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh athscrúdú. Le breithiúnas 2023**, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do na hiarratais a chuir Veiniséala isteach maidir leis na bearta sriantacha a chur ar neamhní**.

⊕ **Breithiúnas in *Veiniséala* v *an Chomhairle* an 13 Meán Fómhair 2023 (T-65/18 RENV)**

Fear gnó de náisiúntacht Rúiseach, Iosraelach agus Phortaingéalach is ea Roman Arkadyevich Abramovich. Is é príomh-scairshealbhóir mháthairchuideachta Evraz é, atá ar cheann de na grúpaí cruach agus mianadóireachta is mó sa Rúis agus atá ar cheann de na cáiníocóirí is mó sa Rúis. Tar éis ionsaí na Rúise ar an Úcráin, rinne an Chomhairle cistí a chalcadh agus cuireadh cosc ar phríomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise teacht isteach nó idirthuras a dhéanamh tríd an Aontas Eorpach. Rinne Abramovich agóid os comhair na Cúirte Ginearálta faoina chuimsiú agus faoina choinneáil ar liostaí na mbeart sriantach a cheapadh chun an brú ar an Rúis a mhéadú. **Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d'achomharc Abramovich, rud a dheimhnigh na bearta sriantacha a glacadh ina choinne.**

⊕ **Breithiúnas in *Abramovich* v *an Chomhairle* an 20 Nollaig 2023 (T-313/22)**

Beartas trádála

Baineann an beartas trádála le dlínse an Aontais amháin. Leagann an tAontas síos rialacha i ndáil le ceisteanna trádála agus tugann sé comhaontuithe trádála idirnáisiúnta i gcrích. De bharr go bhfeidhmíonn an tAontas d'aon ghuth ar an leibhéal idirnáisiúnta, is fearr ansin a fheidhmíonn an tAontas sa trádáil idirnáisiúnta.

In 2020, d'ardaigh na Stáit Aontaithe na dleachtanna custaim ar roinnt táirgí Eorpacha alúmanaim agus cruach. Mar thoradh, ghlac an Coimisiún Rialachán lena ngearrtar dleachtanna custaim ar allmhairí isteach san Aontas de tháirgí áirithe ó na Stáit Aontaithe. Rinne Zippo Manufacturing Co., monaróir Meiriceánach de lastóirí a raibh tionchar ag an ardú air, agóid i gcoinne an bhirt sa Chúirt Ghinearálta, a chuir an Rialachán ar neamhní. De réir na Cúirte Ginearálta, **rinne an Coimisiún neamhaird de cheart éisteachta Zippo, agus, dá bhrí sin, prionsabal an dea-riaracháin**. Bhí sé de cheart ag an gCoimisiún éisteacht le Zippo sula ndeachthas ar aghaidh leis an ardú, de bharr go raibh a fhios ag an gCoimisiún gur bhain an t-ardú ar dhleachtanna custaim le lastóirí Zippo go príomha.

⊕ **Breithiúnas *Zippo Manufacturing agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* an 18 Meán Fómhair 2023 (T-402/20)**

Tax rulings

I bprionsabal, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht maidir le cánacha díreacha. Mar sin féin, ní mór dóibh bunrialacha an Aontais Eorpaigh a urramú, amhail an cosc ar Státchabhair. Mar shampla, déanann an tAontas faireachán ar dhlíthiúlacht na réamhrialuithe cánach (‘*tax rulings*’) ó Bhallstáit áirithe lena dtugtar cóireáil cánach ar leith do chuideachtaí.

I rialú cánach *(tax ruling)* a eisíodh in 2003, ghlac údaráis Lucsamburg le togra Ghrúpa Amazon maidir leis an gcaoi a gcaitear le fochuideachta atá lonnaithe i Lucsamburg maidir le cáin ioncaim chorparáide. Chinn an Coimisiún gur Státchabhair a bhí neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach a bhí sa rialú cánach. Tar éis caingne dlíthiúla a rinne Lucsamburg agus Amazon, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh an Choimisiúin ar neamhní, agus chinn sí nár léirigh an Coimisiún gur bhain fochuideachta Amazon tairbhe as laghdú míchuí ar a hualach cánach. **Dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais achomharc an Choimisiúin in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta, agus gur chinn an Coimisiún go mícheart an ‘córas tagartha’** chun a mheasúnú an bhfuil a leithéid de chabhair ann.

⊕ Breithiúnas in *an Coimisiún* v *Amazon.com agus páirtithe eile* an 14 Nollaig 2023 (C-457/21 P)

In 2018, chinn an Coimisiún gur ghlac údaráis chánach Lucsamburg réamhrialuithe cánach don Ghrúpa Engie, rud a chuir ar a chumas, dar leis, cánachas ar na brabúis a rinne fochuideachtaí atá bunaithe i Lucsamburg a sheachaint. Chinn an Coimisiún gur Státchabhair nach raibh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach a bhí sna rialuithe cánach sin. Tar éis don Chúirt Ghinearálta a gcaingne a dhíbhe, rinne Engie agus Lucsamburg achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais, inar cinneadh go ndearna **an Coimisiún earráid agus an ‘córas tagartha’ á chinneadh aige i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar roghnaíocht na mbeart cánach sin agus, dá bhrí sin, a n-aicmiú mar Státchabhair toirmiscthe.**

⊕ Breithiúnais in *Lucsamburg* v *an Coimisiún* agus *Engie Global LNG Holding agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (Cásanna Uamtha C-451/21 P agus C-454/21 P)

Iomaíocht

Cuireann an tAontas Eorpach rialacha i bhfeidhm chun saoriomaíocht a chosaint. Toirmiscfear cleachtais arb é is aidhm nó d'éifeacht leo iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh agus féadfar iad a cheadú le fíneálacha.

Rinne an Coimisiún imscrúdú ar gheobhlocáil físchluichí áirithe ríomhaire ar an ardán Steam. Chinn an Coimisiún gur sháraigh oibreoir an ardáin sin, Valve agus cúig fhoilsitheoir cluichí, eadhon Bandai, Capcom, Focus Home, Koch Media agus ZeniMax, dlí iomaíochta an Aontais. Chuir an Coimisiún i leith Valve agus na cúig fhoilsitheoir gur ghlac siad páirt i sraith comhaontuithe frithiomaíocha nó cleachtais chomhbheartaithe a bhfuil sé mar aidhm leo srian a chur le díolacháin trasteorann trí fheidhmiúlachtaí rialaithe chríochaigh a chur i bhfeidhm, go háirithe i dtíortha Baltacha agus i dtíortha áirithe i lár agus in Oirthear na hEorpa. Chuir Valve agóid i gcoinne chinneadh an Choimisiúin os comhair na Cúirte Ginearálta. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean agus chinn sí **go raibh an ceart ag an gCoimisiún sa mhéid is go raibh comhaontú ann idir Valve agus gach ceann de na cúig fhoilsitheoir a bhí beartaithe srian a chur le hallmhairí comhthreomhara trí gheobhlocáil eochracha gníomhachtúcháin le haghaidh na bhfíschluichí atá i gceist ar ardán Stream**. Rinne an gheobhlocáil sin iarracht cosc a chur ar na físchluichí, a dháiltear i roinnt tíortha ar phraghsanna ísle, a bheith á gceannach ag dáileoirí nó ag úsáideoirí i dtíortha eile ina bhfuil praghsanna i bhfad níos airde.

⊕ Breithiúnas in *Valve Corporation* v *an Coimisiún* an 27 Meán Fómhair 2023 (T-172/21)

Rochtain ar dhoiciméid

Is prionsabal lárnach de chuid an Aontais é an trédhearcacht sa saol poiblí. D'fhéadfadh aon saoránach nó duine dlítheanach den Aontas, i bprionsabal, rochtain a bheith aige nó aici ar dhoiciméid na nInstitiúidí. I gcásanna áirithe, áfach, féadfar an rochtain sin a dhiúltú má tá bonn cirt leis.

D'iarr Emilio De Capitani rochtain ar dhoiciméid áirithe a malartaíodh laistigh den Mheitheal um 'Dhlí na gCuideachtaí' de Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an nós imeachta reachtach chun Treoir 2013/34 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla a leasú. Dhiúltaigh an Chomhairle rochtain a thabhairt ar an bhforas go mbainfeadh a nochtadh an bonn go mór dá próiseas cinnteoireachta agus gur mheas sí go raibh cineál na faisnéise ró-íogair agus rótheicniúil le nochtadh. Rinne De Capitani agóid i gcoinne an chinnidh sin os comhair na Cúirte Ginearálta. Rinne an Chúirt Ghinearálta scrúdú, i gcomhthéacs nósanna imeachta reachtacha an Aontais, ar réiteach phrionsabail na poiblíochta agus na trédhearcachta cé is moite de dhoiciméid a nochtadh d'fhonn an próiseas cinnteoireachta a chosaint. Chinn an Chúirt Ghinearálta, i gcóras atá bunaithe ar phrionsabal na dlisteanachta daonlathaí, nach mór don reachtas a bheith freagrach as a chuid gníomhaíochtaí don phobal. **Chun go mbeidh saoránaigh in ann a gcearta daonlathacha a fheidhmiú, ní mór dóibh a bheith in ann an próiseas cinnteoireachta a leanúint go mion laistigh de na hinstitiúidí** a ghlacann páirt sna nósanna imeachta reachtacha. Dá bhrí sin, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh na Comhairle lena ndiúltaítear rochtain ar dhoiciméid oibre na Treorach ar neamhní.

⊕ Breithiúnas in *De Capitani* v *an Chomhairle* an 25 Eanáir 2023 (T-163/21)

Cuireann an Stiúrthóireacht um Thaighde agus um Dhoiciméadú ar fáil do ghairmithe dlí, ina Cnuasach de *résumés*, 'Rogha Breithiúnas Mór' agus 'Feasachán Míosúil ar Chásdlí' na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta.



3

Eagraíocht riaracháin don cheartas

A Réamhrá an Chláraitheora

Alfredo Calot Escobar

Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais

Is é Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, Ard-Rúnaí na hInstitiúide, atá i gceannas ar na seirbhísí riaracháin faoi údarás an Uachtaráin.

Le linn na bliana 2023, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi chonair an chlaochlaithe, ní hamháin chun ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo, ach chun na deiseanna uile a bheidh ann amach anseo a thapú freisin.

Sa réimse breithiúnach, reáchtáladh an nós imeachta reachtach maidir le haistriú páirteach na réamhrialuithe chuig an gCúirt Ghinearálta i rith na bliana, agus thángthas ar chomhaontú polaitiúil i mí na Nollag. Ag an am céanna, bhíomar ag obair go gníomhach chun a áirithiú go gcuirfear an t-athchóiriú chun feidhme go rianúil agus gan stró nuair a thiocfaidh an t-athchóiriú chun feidhme. Tráth cinniúnach a bheidh ann i stair ár n-idirphlé leis na cúirteanna náisiúnta agus beidh sé ina chéim thábhachtach inár n-iarrachtaí chun éifeachtúlacht na hoibre breithiúnaí ag CBAE a fheabhsú a thuilleadh.

Chomh maith leis na hullmhúcháin don aistriú, dhírigh an Chúirt a cuid iarrachtaí ar theicneolaíochtaí nua a chomhtháthú go héifeachtach agus go hordúil. Mar chuid den phróiseas sin, bhíomar ar an gcéad Institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a d'fhorbair straitéis maidir le hintleacht shaorga a chomhtháthú, lena n-áirítear AI Management Board a bhunú a mbeadh sé de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe eiticiúla úsáid na hintleachta saorga laistigh den Institiúid agus teorainneacha soiléire a leagan síos maidir lena cur i bhfeidhm. Áirithíonn an Bord, ar a bhfuil Comhaltaí den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta, go bhfuil na roghanna teicneolaíochta a dhéanann an Institiúid chun uirlisí bunaithe ar an intleacht shaorga a chomhtháthú fónta ó thaobh eitice de agus i gcomhréir le prionsabail na Cúirte. Chun cultúr úsáide freagrach agus slán as uirlisí intleachta saorga a chur chun cinn, ba é ceann de na chéad chéimeanna a ghlac an Bord ná treoirlínte foirne a eisiúint ar úsáid na hintleachta saorga.

Ina theannta sin, tá uirlisí intleachta saorga réidh le hionchorprú inár gcóras bainistithe cásanna amach anseo. Ní hamháin go gcuirfidh sé sin ar chumas na hInstitiúide an leas is fearr is féidir a bhaint

as teicneolaíochtaí ceannródaíocha, ach socróidh sé freisin an chéim chun córas cothrománach agus lán-chomhtháite a chruthú, a bheidh deartha chun ár sreafaí oibre a chuíchóiriú agus raon leathan gníomhaíochtaí atriallacha a uathoibriú. Leis an gcur chuige iomlánaíoch sin, tacófar tuilleadh le héagsúlacht shuntasach an tsaineolais laistigh dár bhfoireann, agus forbrófar an éagsúlacht sin agus bainfear leas aisti, rud a fhágfaidh go mbeimid in ann níos mó ama a chaitheamh ar thascanna lena mbaineann spreagadh intleachtúil agus breisluach.

Níor díríodh le bliain anuas, áfach, ach ar bhunchloch a leagan síos don todhchaí; léirigh sé freisin ár dtiomantas seasamh do na luachanna ar ar bunaíodh an Chúirt. Ceann de na luachanna sin, a bhí fite fuaite inár nInstitiúid ó bunaíodh í, is ea éagsúlacht na héagsúlachta - éagsúlacht na gcultúr, na dteangacha agus na dtraidisiún dlí.

Ceapadh Gairdín an Ilteangachais chun mósáic bhríomhar theangeolaíoch na hInstitiúide seo againne a cheiliúradh, agus is siombail é anois de thiomantas na Cúirte don éagsúlacht agus don chomhionannas. Mar sin féin, is é an *conditio sine qua non* chun an éagsúlacht sin a bhaint amach cumas na hInstitiúide tallann a mhealladh ó na Ballstáit uile.

Chuige sin, lean an plé ar an leibhéal idirinstitiúideach, a bhí dírithe ar tharraingteacht Lucsamburg mar ionad oibre a mhéadú, ar aghaidh le diongbháilteacht mhór in 2023. Laistigh den chreat sin, ghlac Coláiste na nArd-Rúnaithe agus Ceann Riaracháin Institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh atá bunaithe i Lucsamburg sraith beart pragmatach a bhí dírithe ar Lucsamburg a chur chun cinn mar áit oibre, ar comhtháthú nuatheachtaithe agus oiliúnaithe a éascú, agus ar dheireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh saoránaigh na mBallstát uile a dhíspreagadh ó dhul isteach in Institiúidí an Aontais atá lonnaithe san Ard-Diúcacht.

Agus í ag iarraidh ionadaíocht chothrom gheografach a bhaint amach, chinn an Chúirt treoirthionscadail a sheoladh chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht gheografach agus chun gairmeacha beatha a chur chun cinn go díreach sna Ballstáit. Sampla iontach de sin ba ea cuairt ar an Laitvia, áit a raibh plé tairbheach ag toscaireacht Comhaltaí agus bainisteoirí sinsearacha le hionadaithe, *inter alia*, na mbreithiúna, an rialtais, an lucht acadúil agus na meán. Ba é an aidhm a bhí leis misean na Cúirte a chur i láthair, deiseanna gairme a chur chun cinn agus tacú le hoiliúint dlí agus teanga a bhaineann le hobair ár nInstitiúide.

Dá bhrí sin, cloíodh go láidir le tiomantas na Cúirte don tseirbhís phoiblí sa bhliain 2023, agus ár n-acmhainneacht á hathshamhlú ag an am céanna. Táimid tar éis tabhairt faoi thuras sainmhíniú as an nua a dhéanamh, ní hamháin ar an gcaoi a n-oibrímid, ach freisin ar an gcaoi a ndéanaimid ár dtodhchaí a shamhlú. Todhchaí ina rachaidh ár nInstitiúid in oiriúint ní don athrú amháin, ach ina spreagfaidh sí í, leis an tsármhaitheas, an éagsúlacht, an dul chun cinn agus an tiomantas céanna a bhí mar shaintréith againn i gcónaí.

B Príomhimeachtaí na bliana

An tIlteangachas á cheiliúradh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Tá an t-ilteangachas, atá fréamhaithe sna Conarthaí, ina bhunluach ag an tionscadal Eorpach. Is réamhriachtanas é do thrédhearcacht ghníomhaíocht Institiúidí an Aontais Eorpaigh agus d'infheidhmeacht an dlí Eorpaigh, agus is léiriú é ar urraim dhomhain d'fhéiniúlachtaí agus do chultúir náisiúnta.

Mar chuid lárnach d'imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, comhlíontar leis an ilteangachas dhá bhunriachtanas dhaonlathacha: tugtar leis rochtain chomhionann ar Chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus cuirtear cásdlí ar fáil do na saoránaigh Eorpacha uile. Aistríonn seirbhís teanga na hInstitiúide doiciméid agus soláthraíonn sí ateangaireacht ag éisteachtaí; mar thoradh air sin, is féidir leis an gCúirt oibriú i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus suas le 552 phéire teanga a bhainistiú ar bhonn laethúil. Maidir leis na socruithe teanga sin, níl a gcomhionann in aon chúirt eile ar domhan. Dúshlán oibríochtúil leanúnach is ea iad a chur chun feidhme, dúshlán nach féidir a shárú ach amháin trí bhainistiú dian agus éifeachtach a dhéanamh ar na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidtear.

Cúpla bliain ó shin, thug an Chúirt faoi phlé leathan chun machnamh a dhéanamh ar conas an t-ilteangachas a mhíniú agus a chur chun cinn agus é á chleachtadh laistigh den Institiúid. Spreag sé sin roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo feasacht a mhúscailt maidir le tábhacht an ilteangachais, go háirithe i réimsí dlíthiúla agus acadúla.

In 2023, ba é an 9 Bealtaine (Lá na hEorpa) an dáta a roghnaíodh chun **Gairdín an Ilteangachais** a oscailt, bunaithe ar dháileacht talún a scaoileadh suas trí sheanchoimpléasc riaracháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a scartáil agus a bhí suite ar imeall fhorais na Cúirte. Forbraíodh an spás glas nua seo i gcomhpháirtíocht le húdaráis Lucsamburg agus tá sé dírithe ar an ilteangachas. Tá sé ar oscailt don phobal agus tá sé beartaithe imeachtaí cultúrtha a óstáil. Ina theannta sin, cuireann sé le caomhnú na bithéagsúlachta i dtimpeallachtaí uirbeacha trí ligean do bhith-thopaicí dul chun cinn a dhéanamh, a bhuí le héagsúlacht na speiceas ina bhfuil sí lonnaithe. Agus é curtha ar Plateau Kirchberg, áit a bhfuil go leor Institiúidí Eorpacha, tugann an gairdín seo ómós d'éagsúlacht teanga an Aontais Eorpaigh, dá Stát óstach (Lucsamburg) agus dá ilteangachas a chuireann go mór leis an aimsir.

Foilsíodh saothar **trí imleabhar i mbliana freisin,** a aistríodh go teangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, a bhí tiomnaithe don ilteangachas sa Chúirt agus ar fud an Aontais Eorpaigh. Déantar iniúchadh sa leabhar ar ghnéithe éagsúla de réimeas teanga na hinstitiúide agus ar an gcaoi a dtagann an t-ilteangachas chun cinn, le cabhair óna seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin dlí. Sa dara cuid den leabhar, dar teideal 'Dialanna turas ilteangach', tá bailiúchán aighneachtaí ó phearsana aitheanta ó na 27 mBallstát ar daoine aitheanta iad ina réimsí – breithiúna, fealsúna, focleolaithe agus polaiteoirí. Agus iad scríofa i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh, tugann na dialanna seo cuireadh don léitheoir foghlaim faoi choincheapa agus faoi dhúshláin an ilteangachais ar fud na hEorpa. Ar fáil don phobal i gcoitinne in 2024, tá an foilseachán seo bunaithe ar mhachnamh agus ar inspioráid d'aon duine ar spéis leo teangacha agus feidhmiú ilteangach an Aontais Eorpaigh. Ag **comhdháil** ina dhiaidh sin, tugadh le chéile rannpháirtithe an leabhair seo maidir le bainistíocht na Cúirte agus na nInstitiúidí Eorpacha eile chun machnamh a dhéanamh le chéile ar ábhar 'Ilteangachas ardcháilíochta i bhfianaise dlús a chur leis an dul chun cinn teicneolaíoch'.

Inrochtaineacht agus cuimsiú: ábhar do chách

Déantar foráil maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus maidir le toirmeasc ar gach cineál idirdhealaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sna Conarthaí, i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, arna dhaingniú ag an Aontas Eorpach in 2010 agus atá mar chuid lárnach de dhlí an Aontais Eorpaigh.

Bhí meas ar phrionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe mar chuid de luachanna na Cúirte i gcónaí mar institiúid. Mar sin féin, bhí roinnt oibre fós ann chun 'freagracht chomhroinnte' a dhéanamh d'inrochtaineacht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, sheol an Chúirt **tionscadal uaillmhianach idir-rannach** ionas go bhféadfadh gach duine aonair rannchuidiú níos mó le timpeallacht ionchuimsitheach a thógáil.

Cumhdaíonn na bearta a glacadh agus na bearta atá beartaithe don todhchaí raon an-leathan réimsí: earcú agus tacaíocht do chomhghleacaithe atá faoi mhíchumas agus dá gcúntóirí, inrochtaineacht an áitribh agus inrochtaineacht dhigiteach agus TF, chomh maith le cumarsáid, ardú feasachta agus oiliúint.

Thar aon ní eile, bunaíodh creat soiléir sa Chúirt chun na **coigeartuithe a chur ar fáil dá foireann reatha agus d'iarratasóirí ar phoist atá faoi mhíchumas chun go mbeidh sé níos éasca dóibh obair a dhéanamh agus rochtain a fháil ar fhostaíocht** laistigh den Institiúid. Féadfar a áireamh ar na coigeartuithe sin, i measc nithe eile, réitigh theicniúla, athruithe ar an timpeallacht oibre, bearta tacaíochta nó atheagrú dualgas nó uaireanta oibre.

Ina dhiaidh sin, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as **rochtain fhisiciúil** ar shaoráidí na Cúirte – cibé acu d'fhoireann na hInstitiúide, do dhlíodóirí agus do ghníomhairí, do shaorateangairí agus do gach cuairteoir ar bhonn níos leithne – rinneadh roinnt beart. Rinneadh uasghrádú ar na bealaí isteach chuig na foirgnimh agus rinneadh an nós imeachta aslonnaithe a oiriúnú níos fearr. Déanfar athmheasúnú ar na saoráidí sonracha do sheomraí cúirte. Is é is aidhm do phlean gníomhaíochta níos fadtéarmaí a chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin nua maidir le hinrochtaineacht foirgneamh.

Díríonn inrochtaineacht dhigiteach agus faisnéise ar fhoireann inmheánach agus ar úsáideoirí seachtracha araon. Tá feabhas á chur ar shuíomh gréasáin CVRIA, ó thaobh a struchtúir, fheidhmiúlachta agus ábhair de, agus rinneadh inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chomhtháthú 'by design' in ionad oibre digiteach na Cúirte amach anseo. Ar deireadh, tá Tuairiscí na Cúirte Breithiúnais ag cloí leis na moltaí inrochtaineachta ó 2021 agus is féidir iad a léamh trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cúnta.

Ar deireadh, tugtar faoi **fheachtais múscailte feasachta, faisnéise agus oiliúna** go rialta chun ní hamháin cuimsiú, meas frithpháirteach agus comhar a chur chun cinn, ach chun tacaíocht a chur chun cinn freisin do dhaoine faoi mhíchumas agus dá gcúntóirí.

Katia Vermeire
Cúntóir sa Stiúrthóireacht um Thaighde agus Doiciméadú

'Ó thús thionscadal na Cúirte maidir le hinrochtaineacht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas, rinne mé obair dheonach chun cabhrú leis an tionscadal toisc nach dtugtar dóthain aitheantais fós do dhaoine faoi mhíchumas inár saol laethúil. Tá an tionscadal seo go háirithe gar do mo chroí. Mar dhuine faoi mhíchumas, ba mhaith liom mo thaithí a roinnt chun cabhrú le daoine i gcúinsí comhchosúla.

Tá sé tábhachtach feasacht a mhúscailt i measc ár gcomhshaoránaigh agus ár gcomhghleacaithe. Sula raibh mé i mo dhuine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ní raibh aon smaoineamh agam ar na deacrachtaí a bhí roimh dhaoine faoi mhíchumas agus a gcúntóirí.

Tugaimis tacaíocht dá chéile! Má dhéanaimid ár bpáirt, ní hamháin gur féidir linn timpeallacht oibre inrochtana a thógáil ach is féidir linn timpeallacht chothrom a thógáil freisin.'



An Intleacht Shaorga: an straitéis a glacadh lena húsáid sa Chúirt

Le roinnt blianta anuas, tá an Chúirt ag rianú forbairtí i réimsí na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn d'fhonn na teicneolaíochtaí sin a shainaithint a d'fhéadfadh feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtaí na hInstitiúide.

Ó 2019 i leith, tá an ***Innovation Lab*** sa Stiúrthóireacht um Theicneolaíocht Faisnéise ag tacú leis an gCúirt ina claochlú digiteach. I gcomhar leis na ranna ábhartha, déanann an *Innovation Lab* feidhmiúlachtaí agus gnéithe na n-uirlisí éagsúla a shainaithint, a anailísiú agus a thástáil. Amach anseo, úsáidfear na huirlisí sin i gcomhréir le ceanglais rúndachta, slándála agus cosanta sonraí. Ó bunaíodh an *Innovation Lab*, cuireadh thart ar 30 moladh chun cinn, rinneadh tástáil ar thart ar 20 ceann acu agus tá cuid acu i bhfeidhm cheana féin nó i mbun forbartha.

Chun go mbeifear in ann leas iomlán a bhaint as feidhmiúlachtaí na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhfuil gealladh fúthu agus chun ullmhú dá gcomhtháthú**, i mí an Mheithimh 2023 ghlac an Chúirt a 'Straitéis maidir le hUirlisí Intleachta Saorga a Chomhtháthú** in oibríochtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh'. Le húsáid na n-uirlisí sin, ní hamháin go n-áiritheofar rialú sonraí, ach ní mór urraim do chearta bunúsacha agus don eitic a áirithiú freisin.

Mar an chéad cheann de na hInstitiúidí Eorpacha a ghlac straitéis den sórt sin, agus i bhfad roimh ghlacadh an togra le haghaidh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, shainaithin an Chúirt trí phríomhchuspóir:

- éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpróiseas riaracháin agus breithiúnach a fheabhsú;
- feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht cinntí breithiúnacha, agus
- rochtain ar cheartas agus trédhearcacht do na saoránaigh Eorpacha a fheabhsú.

Bunaíodh coiste eitice, ar a dtugtar '**AI Management Board** (AIMB)', agus é mar phríomhchúram air treoirlínte a shainiú agus teorainneacha a leagan síos maidir le húsáid uirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga. Déanfaidh an coiste sin faireachán ar fháil, ar fhorbairt agus ar úsáid na n-uirlisí sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa straitéis. Áirítear ar na prionsabail sin cothroime, neamhchlaontacht agus neamh-idirdhealú, trédhearcacht, inrianaitheacht, rúndacht faisnéise, urraim do phríobháideachas agus sonraí pearsanta, maoirseacht dhaonna agus feabhas leanúnach.

Sa chomhthéacs sin, in 2023, ghlac an Chúirt treoirlínte maidir le húsáid uirlisí bunaithe ar theicneolaíochtaí na hintleachta saorga.



An comhar breithiúnach Eorpach a neartú: an chomhpháirtíocht leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach

Tá an t-idirphlé agus an comhar leis na cúirteanna náisiúnta i gcroílár mhisean na Cúirte. Sampla nithiúil den chomhar sin is ea an caidreamh leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) le breis agus 15 bliana anuas. Bunaíodh an Gréasán in 2000 chun tacú le cruthú an limistéir Eorpaigh ceartais, rud a d'fhógair an Chomhairle Eorpach in Tampere (an Fhionlainn), agus tá sé bunaithe ag an nGréasán mar ghníomhaí riachtanach in oiliúint a chur ar ghairmithe ceartais, go háirithe breithiúna agus ionchúisitheoirí náisiúnta. Dá bhrí sin, tugann an Gréasán gach ionad oiliúna breithiúnaí Eorpacha le chéile. Chun béim a leagan ar a tiomantas dá comhpháirtíocht leis an nGréasán, in 2023 ghlac an Chúirt dearbhú dar teideal 'Tacú leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach chun cultúr breithiúnach Eorpach inbhuanaithe a chruthú'.

Tacú leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach chun cultúr breithiúnach Eorpach inbhuanaithe a chruthú

Le 70 bliain anuas, tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) tiomanta don phlé leis na cúirteanna náisiúnta.

Mar léiriú ar an tiomantas sin, bhunaíomar comhpháirtíocht láidir le GEOB. Is é GEOB an príomh-ardán i measc na mBreithiúna Eorpach chun eolas a roinnt i raon leathan réimsí agus go háirithe dlí na hEorpa. Le breis agus dhá scór bliain, tá gníomhaíochtaí oiliúna trasteorann á n-eagrú ag GEOB do ghairmithe ceartais náisiúnta agus ar an gcaoi sin cuidítear le heolas ar dhlí na hEorpa a neartú.

Tá seimineáir bhliantúla, cuairteanna stáidéir, fóraim agus malartú ar ábhar traenála mar chuid den chomhoibriú seanbhunaithe idir GEOB agus CBAE . Ó 2007 i leith, tá oiliúint fhadtéarmach á heagrú ag GEOB agus CBAE do bhreithiúna agus ionchúisitheoirí náisiúnta lena dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh in obair bhreithiúnach oifigí na mBreithiúna agus na nAbhcóidí Ginearálta. Tugann an deis seo léargas uathúil dóibh ar mhodhanna oibre CBAE agus cabhraíonn sé go mór dóibh a gcuid eolais ar dhlí agus nósanna imeachta an Aontais a leathnú.

Tá buntáistí ag baint leis an gcomhpháirtíocht rathúil sheanbhunaithe seo ar thrí leibhéal éagsúla ar a laghad. Ar an leibhéal náisiúnta, tugann sé cabhair do ghairmithe ceartais a ndualgais náisiúnta a bhaint amach nuair a fhilleann siad ar a dtíortha féin, le tuiscint i bhfad níos fearr acu maidir lena ról i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais. Laistigh den Chúirt, cuireann láithreacht breithiúna agus ionchúisitheoirí náisiúnta le héagsúlacht na gcultúr dlíthiúil, rud a bhí fíorthábhachtach don Institiúid i gcónaí. I gcomhthéacs níos leithne, cabhraíonn an comhoibriú den sórt sin plé a chur chun cinn idir breithiúna Eorpacha agus náisiúnta, rud a áirithíonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais ar fud na hEorpa.

D'fhonn an comhoibriú a neartú tuilleadh, leanfaidh CBAE ag brath ar thacaíocht láidir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcomhthéacs chreat Rialachán (AE) 2021/693 lena mbunaítear an Clár um Cheartas. Braitheann an Chúirt freisin ar thacaíocht ón gCoimisiún, atá i gceannas ar an gClár um 'Cheartas' a chur i bhfeidhm trína Chlár Oibre agus d'aithin sí 'ról uathúil' GEOB maidir le hoiliúint bhreithiúnach san Aontas Eorpach ina Straitéis Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach 2021-2024 (Teachtaireacht COM(2020) 713).

Anuas air sin, tuigeann CBAE cé chomh tábhachtach is atá cothromaíocht gheografach in eagrú na hoiliúna fadtéarma do bhreithiúna agus ionchúisitheoirí náisiúnta agus cé chomh tábhachtach is atá ionadaíocht do gach cultúir náisiúnta dhlíthiúla sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, féachann sí le tacú le tionscnaimh múscailte feasachta i ngach Ballstát agus a cumarsáid ar oiliúint fhadtéarmach ag CBAE a neartú. Ba chóir go gcabhródh na hiarrachtaí sin, in éineacht le hiarrachtaí na mBallstát agus GEOB, comhoibriú a chur chun cinn idir na breithiúna náisiúnta agus Eorpacha, lena leagtar béim ar na buntáistí dóibh go léir.

Is é ceann de shaintréith CBAE ó bunaíodh í dlúthchaidreamh a choimeád le breithiúna náisiúnta agus cuireann a comhar le GEOB go mór leis an misean tábhachtach seo. Tá sé ríthábhachtach an chomhpháirtíocht a neartú toisc go dtéann tionchar na comhpháirtíochta sin i bhfad níos faide ná inniúlacht níos fearr a bhaint amach i ndlí an Aontais – cuireann an chomhpháirtíocht le fíorchultúr breithiúnach Eorpach a fhorbairt agus le esprit de corp sláintiúil i measc breithiúna Eorpacha, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.



Dá bhrí sin, roghnaigh an Chúirt agus an Líonra roinnt **tionscadail nua** a sheoladh chun a gcomhar a neartú, go háirithe trí líon na mbreithiúna náisiúnta ar féidir leo tabhairt faoi thréimhse oiliúna fhadtéarmach sa Chúirt a mhéadú. Chuige sin, tá dhá shraith beart beartaithe. Is é is aidhm don chéad cheann feasacht a ardú i measc gairmithe laistigh de chórais cheartais na mBallstát maidir leis an bhféidearthacht tréimhsí fadtéarmacha a bheith ann sa Chúirt chun níos mó iarratasóirí a mhealladh. Is é sprioc an dara ceann aon bhacainní teanga ar na tréimhsí oiliúna sin a shárú, tríd an saineolas oiliúna teanga agus na hábhair teagaisc a d'fhorbair an Chúirt a chur ar fáil do GEOB.

Ingrid Derveaux
Ard-Rúnaí GEOB

'Tá rún daingean ag GEOB idirphlé bunriachtanach a chur chun cinn idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta, arb iad "gnáthchúirteanna dhlí an Aontais Eorpaigh" iad freisin. Is díol sásaimh dúinn tacaíocht na Cúirte don iarracht sin trí roinnt caingne a thionscnamh chun rannpháirtíocht breithiúna ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gclár oiliúna na Cúirte a spreagadh tuilleadh. Tá súil againn go mbeidh 2024 fós ina bhliain chun an comhar riachtanach agus torthúil a neartú!'

Diana-Daniela Popel
Breitheamh faoi oiliúint in oifig an Bhreithimh Ineta Ziemele

'Deis iontach a bhí sa tréimhse oiliúna sa Chúirt chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an Institiúid, chun mo chuid eolais ar dhlí an Aontais Eorpaigh a chomhdhlúthú trí dheis a thabhairt dom páirt a ghlacadh in obair na Cúirte ó lá go lá, agus aithne a chur ar roinnt gairmithe dlí iontacha. Ag féachaint go háirithe don ról ar leith atá ag breithiúna náisiúnta i gcur chun feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh, molaim go láidir an tréimhse oiliúna d'aon bhreitheamh atá ag obair i gcúirteanna náisiúnta na mBallstát agus ar mian leo taithí an-ghairmiúil agus phearsanta a fháil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile na hoifige as an bhfáilte chroíúil a chuir siad romham agus as an tacaíocht a thug siad dom, gan dearmad a dhéanamh ar fhoireann GEOB!'

C Caidreamh leis an bpobal

16 819 gcuairteoir a raibh

4 555 ghairmí dlí

Cuairteoirí ó chian: **8 %**

2 095 chuairteoir ag an Lá Oscailte

Cuairteanna ó chian – tionscadal oideachais

Is é is aidhm do chlár oideachais na Cúirte daltaí meánscoile idir 15 agus 18 mbliana d'aois a thabhairt isteach ar obair institiúid bhreithiúnach an Aontais Eorpaigh agus míniú a thabhairt ar an tionchar atá ag cásdlí na Cúirte ar ghnáthshaol laethúil shaoránaigh na hEorpa. Tá sé mar aidhm ag an gclár feasacht na ndaltaí meánscoile óga agus a múinteoirí a ardú maidir le luachanna daonlathacha agus dúshláin dhlíthiúla reatha. In 2023, bhí deis ag thart ar **900 dalta** meánscoile cuairt a thabhairt ar an gCúirt mar chuid den chlár seo.

Is é an cúram atá ar phreasoifigigh i Stiúrthóireacht na Cumarsáide, a bhfuil oiliúint acu sa dlí, na breithiúnais, na horduithe agus na tuairimí a mhíniú, ach freisin na cásanna atá idir lámha d'iriseoirí ó na Ballstáit uile agus dá gcomhfhreagraithe éagsúla a mhíniú. Eisíonn siad, do dhaoine a bhfuil iarratas déanta acu chuig preasoifig na Cúirte, nuachtlitreacha rialta ag fógairt imeachtaí tábhachtacha nós imeachta agus institiúideacha, chomh maith le bileoga 'info-rapid' ar ábhair nach bhfuil clúdaithe ag preasráitis. Déileálann siad freisin le ríomhphoist agus glaonna ón bpobal.

2 814 phreaseisiúint

625 nuachtlitir

547 mbileog 'info-rapid'

14 000 iarratas ar fhaisnéis ón bpobal (glaonna teileafóin agus ríomhphoist)

Coinníonn an Chúirt láithreacht ghníomhach ar líonraí sóisialta trí dhá chuntas X, (ceann i bhFraincis agus an ceann eile i mBéarla), LinkedIn agus Mastodon. Tá líon na leantóirí ar na líonraí seo ag fás i gcónaí, rud a léiríonn suim an phobail in obair na Cúirte agus a dtiomantas di. Tá cainéal YouTube ag an gCúirt freisin a thugann rochtain sna 24 theanga oifigiúla ar éagsúlacht ábhar closamhairc, lena n-áirítear beochan dírithe ar an bpobal i gcoitinne chun míniú a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag cásdlí na Cúirte ar shaol laethúil na saoránach.

159 000 leantóir ar X
+9 % i gcomparáid le 2022

3 600 leantóir Mastodon

234 810 leantóir LinkedIn
+32 % i gcomparáid le 2022

21 000 leantóir agus
253 000 amharc ar YouTube





4

Institiúid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

Le blianta fada anuas, tá an Chúirt tiomanta do bheartas láidir comhshaoil, atá dírithe ar na caighdeáin is airde forbartha inbhuanaithe agus meas ar acmhainní nádúrtha. Tá tiomantas na hInstitiúide do chleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol léirithe ó 2016 i leith trína clárú le **EMAS** (Eco-Management and Audit Scheme). Bronntar an deimhniú seo arna rialú ag an Aontas ar eagraíochtaí a chomhlíonann caighdeáin dhiana atá nasctha lena mbeartas comhshaoil agus lena n-iarrachtaí chun an comhshaol a chaomhnú agus a gcleachtais oibre inbhuanaithe.

In 2023, lean an Chúirt lena hiarrachtaí chun deireadh a chur le húsáid buidéal plaisteach uisce ina háitribh. Chuir an conradh lónadóireachta nua cosc ar bhuidéil phlaisteacha uisce a dhíol. Ina theannta sin, lean an Chúirt ar aghaidh ag dáileadh **buidéil in-athúsáidte** ar a foireann chun úsáid na **bhfoinsí uisce** a cuireadh isteach in 2022 a chur chun cinn.

Tá **tomhaltas fuinnimh** anois ag laghdú arís mar a bhí sé roimh an bpaindéim. Baineadh é seo amach trí na bearta aerála speisialta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar an ngéarchéim Covid a thréigean agus scagairí aeir níos éifeachtaí a fheistiú. I gcomhar leis na bearta urghnácha coigilte fuinnimh a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin, thaifead an Chúirt laghdú suntasach ar a tomhaltas fuinnimh le haghaidh leictreachais agus teasa.

Don tréimhse 2022-2023, leag an Chúirt síos spriocanna cainníochtúla maidir le **caitheamh páipéir**. In 2022, beidh laghdú beagnach 54.1% ar úsáid páipéir oifige (gan foilseacháin seachfhoinsithe san áireamh) i gcomparáid lena leibhéal réamh-ghéarchéime in 2019, treocht a lean in 2023 a bhuíochas le hathruithe ar nósanna agus le digitiú leanúnach na bpróiseas agus na ndoiciméad. Ina theannta sin, i mí Mheán Fómhair 2023, chinn an Chúirt líon na gclódóirí pearsanta a theorannú go híosmhéid, chun fuinneamh, earraí inchaite agus páipéar a shábháil, agus dá bhrí sin a lorg carbóin a laghdú.

Aonad is ea Coibhéis Lánaimseartha (FTE) chun gníomhaíocht ghairmiúil neamhspleách a thomhas maidir le difríochtaí i líon na n-uaireanta a oibrítear in aghaidh na seachtaine do gach ball foirne de bharr socruithe oibre éagsúla.

Tá na táscairí comhshaoil maidir le huisce, dramhaíl, páipéar, téamh agus leictreachas ag teacht leis na táscairí do 2022. Déantar athruithe a chainníochtú trí thagairt do 2015, an bhliain tagartha do scéim EMAS.



Athchúrsáil dramhaíola a fheabhsú agus úsáid plaistigh aonúsáide a laghdú

Rannpháirtíocht sa chóras rothaíochta féinseirbhíse Vel'OH agus tacaíocht don rothaíocht

Laghdú ar thomhaltas páipéir
- 62.1 % kg/FTE

Laghdú ar thomhaltas uisce
- 10.1 % m³/FTE

Laghdú dramhaíola 'Oifigí agus Lónadóireacht'
- 50 % kg/FTE

Feabhas leanúnach a chur ar bhonneagar téimh, aerála agus aerchóirithe

Laghdú ar thomhaltas leictreachais
- 23.2 % kWh/FTE

Laghdú ar ídiú fuinnimh le haghaidh téimh
- 23.6 % kWh/FTE

3 466 m²
cill fhótavoltach chun an méid seo a leanas a tháirgeadh
422 003 kWh
(coibhéiseach le ceanglais bhliantúla 76 theaghlach)

Laghdú ar astaíochtaí carbóin
- 31.7 % kg CO_2/FTE



5

Ag breathnú chun cinn

In 2004, tháinig **10 mBallstát nua isteach san Aontas Eorpach**. Chuir Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin a muinín in iúl i dtógáil na hEorpa. 20 bliain ina dhiaidh sin, ceiliúrfaimid **comóradh 20 bliain aontachas na mBallstát sin**. Leathnaigh an méadú is mó atá ag an Aontas Eorpach, ó thaobh daonra agus líon na dtíortha de, ár n-ionchas. Thug sé cuma nua ar an gcomhlimistéar ceartais laistigh den Aontas Eorpach, rud a bhí saibhrithe ag éagsúlacht chultúrtha agus intleachtúil nua. Ba dhúshlán mór é don Aontas, i bhfianaise an mhéid lánpháirtíochta a bhí bainte amach aige in 2004, ar thaobh amháin, agus éagsúlacht eacnamaíoch, stairiúil agus teanga na 10 mBallstát nua, ar an taobh eile. Chun an t-aontachas a bhaint amach, bhí gá le hiarrachtaí suntasacha ó na Ballstáit agus bhí gá le tiomantas gan bhac chun na hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus dlíthiúla is gá a chur chun feidhme. Ó thaobh na Cúirte de, agus fáilte á cur roimh 10 mBallstát nua ag an am céanna, bhí athruithe móra marthanacha ann dá socruithe oibre.

Chun comóradh a dhéanamh ar chomóradh an mhórimeachta seo, i mí na Bealtaine 2024 tá comhdháil á heagrú ag an gCúirt dar teideal 'Ceiliúrann an Chúirt 20 bliain ó aontachas 10 mBallstát leis an Aontas Eorpach: cor cinniúnach bunreachtúil nua don Eoraip', d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón méadú agus ó chomhdhlúthú chomhtháthú na hEorpa. Díreoidh an chomhdháil ar thionchar mhéadú 2004, i dtéarmaí polaitiúla, dlíthiúla agus eacnamaíocha, ar an Aontas Eorpach féin agus ar na deich mBallstát nua araon. Go sonrach, breathnófar ag an gcomhdháil ar rannchuidiú na 10 mBallstát nua le forbairt an Aontais Eorpaigh mar 'aontas luachanna', bunaithe ar luachanna coiteanna amhail an daonlathas, an smacht reachta, cearta bunúsacha agus meas ar mhionlaigh.

Is éard a bheidh in 2024 freisin bliain chur chun feidhme an chomhaontaithe pholaitiúil ar thángthas air in 2023 maidir **le haistriú páirteach dhlínse réamhrialuithe** na Cúirte Breithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta. Áireofar leis an gcur chun feidhme sin, *inter alia*, leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, chomh maith le coigeartuithe éagsúla ar shocruithe oibre an dá chúirt agus ar oibriú na hinstitiúide ó lá go lá, amhail córais TF a oiriúnú.

Ina theannta sin, agus í ag dul ar aghaidh leis an **gclaochlú digiteach**, tá an Institiúid ag dul in oiriúint freisin do dhúshláin nua agus do dheiseanna a bheidh ann amach anseo, go príomha i réimsí na hintleachta saorga agus na cibearshlándála. Tá uirlisí nua á bhforbairt agus á n-iniúchadh, go háirithe iad siúd atá bunaithe ar theicneolaíochtaí intleachta saorga, d'fhonn cabhrú leis an dá chúirt a misean a chur i gcrích go héifeachtach agus na próisis bhreithiúnacha a bharrfheabhsú mar thoradh air sin. Nuair a bhaintear úsáid astu, ní hamháin nach mór rialú sonraí a chumasú leis na huirlisí sin ach a áirithiú freisin go n-urramófar cearta bunúsacha agus prionsabail eiticiúla. Thairis sin, tá tionchar díreach ag Rialachán Uimh. 2023/2841, atá beartaithe chun ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála a áirithiú in institiúidí uile an Aontais Eorpaigh, ar an gCúirt agus baineann sé, go háirithe, le creat inmheánach a bhunú chun rioscaí cibearshlándála a bhainistiú, chomh maith le measúnú rialta ar éifeachtacht na mbeart sin, agus rioscaí atá ag teacht chun cinn á gcur san áireamh.

20
BLIAIN





6

Bígí nasctha!

Rochtain a fháil ar thairseach cuardaigh chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta trí shuíomh gréasáin Curia: curia.europa.eu

Coinnigh suas chun dáta leis an nuacht is déanaí maidir le cásdlí agus cúrsaí institiúideacha mar seo a leanas:

léigh **na preaseisiúintí**:
curia.europa.eu/jcms/PressRelease

cláraigh le fotha **RSS** na Cúirte:
curia.europa.eu/jcms/RSS

lean cuntas **X** na hInstitiúide:
CourUEPresse ou EuCourtPress

lean cuntas **Mastodon** na hInstitiúide:
social.network.europa.eu/@Curia/

lean cuntas **LinkedIn** na hInstitiúide:
linkedin.com/company/european-court-of-justice

íoslódáil an **aip CVRIA** le haghaidh fóin chliste agus táibléad

breathnaigh ar **Thuairiscí na Cúirte Breithiúnais**:
curia.europa.eu/jcms/EuropeanCourtReports

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíocht na hInstitiúide

breathnaigh ar **an Tuarascáil Bhliantúil**:
curia.europa.eu/jcms/AnnualReport

féach ar na físeáin ar **YouTube**:
youtube.com/@CourtofJusticeEU

Faigh rochtain ar dhoiciméid na hInstitiúide

cartlanna stairiúla:
curia.europa.eu/jcms/archive

doiciméid riaracháin:
curia.europa.eu/jcms/documents

Tabhair cuairt ar shuíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Tairgeann an institiúid **cláir cuairteanna** do chuairteoirí atá saindeartha de réir leasanna gach grúpa (freastail ar éisteacht, turas treoraithe ar fhoirgnimh nó ar shaothair ealaíne, cuairt staidéir, cuairt chianda):
curia.europa.eu/jcms/visits

A bhuíochas leis an **gcuairt fhíorúil ar na foirgnimh**, beidh tú in ann eitilt thar agus dul trí champas na bhfoirgneamh gan do theach féin a fhágáil:
curia.europa.eu/visit360

Chun aon eolas a fháil faoin Institiúid

Scríobh chugainn tríd an **bhfoirm theagmhála**:
curia.europa.eu/jcms/contact

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
L-2925 Lucsamburg
Teil. +352 4303-1
curia.europa.eu

Téacs arna chríochnú i mí Feabhra 2024 / Figiúirí ceart amhail an 31.12.2023

Leagan amach: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh / Stiúrthóireacht na Cumarsáide / Aonad na bhFoilseachán agus na Meán Leictreonach, 2024

Grianghraif/léiriúcháin:

Íomhá chlúdaigh: © An tAontas Eorpach

Leathanaigh 5, 6, 9-11, 13, 14, 19, 20, 22, 25, 26, 29, 30-32, 34-36, 39, 40, 41, 43, 49, 51, 52, 55, 58, 69, 74, 76-103: © An tAontas Eorpach

Leathanaigh 8, 11, 12, 15, 42, 46, 53-72: © shutterstock.com; 87: © European Judicial Training Network

Toirmiscfear grianghraif nó doiciméid eile nach é an tAontas Eorpach an sealbhóir cóipchirt ina leith aon úsáid nó aon atáirgeadh gan údarú ó shealbhóirí an chóipchirt.

Ní fhéadfar Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann na hinstitiúide a bheith freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá tugtha thuas.

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

© An tAontas Eorpach, 2024





CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Stiúrthóireacht na Cumarsáide
Aonad na bhFoilseachán agus na Meán Leictreonach

PRINT ISBN 978-92-829-4466-0 doi: 10.2862/03082 QD-05-23-450-GA-C
PDF ISBN 978-92-829-4468-4 doi: 10.2862/691870 QD-05-23-450-GA-N